SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND
ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA hÉIREANN

Tuarascáil Bhliantúil 2019



# Ag obair i dtreo **todhchaí fuinnimh atá níos glaine**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Is í an fhís atá againn ná go mbeidh an fuinneamh in Éirinn

# inbhuanaithe, slán, inacmhainne agus glan

caith súil ar ár suíomh gréasáin

**www.seai.ie**

lean muid



# Clár Ábhar


Ráiteas an Chathaoirligh 2
Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach 4
Gnóthachtálacha don Bhliain 2019 6

**ÁR dTIONCHAR**

An Fuinneamh a Athrú ó Bhonn 10
Sonraí agus Léargais in SEAI 18
Taighde agus teicneolaíocht 19
Feidhmeanna tarmligthe 20
Buaicphointí 2019 22

**RIALÚ**

Tuairisc Éifeachtúlachta Fuinnimh 26
Freagracht Shóisialta Chorparáideach in SEAI 28
Rialachas Corparáideach 30

**AIRGEADAS**

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 36
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach 44
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 46
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Choimeádta 48
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 49
An Ráiteas ar Staid an Airgeadais 50
An Ráiteas ar na Sreafaí Airgid 51
Na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 52

# Ráiteas an Chathaoirligh

Tá an ráiteas Cathaoirligh seo á scríobh agam mar chuid de mo ról mar Chomhalta Boird Neamhspleách Sinsearach de chuid SEAI, ról a ghlac mé orm féin ar an 5 Bealtaine 2020 ag deireadh théarma an Chathaoirligh, Julie O'Neill. Tá post Chathaoirleach an Bhoird folamh fós agus Tuarascáil Bhliantúil 2019 á foilsiú againn.

Thar ceann an Bhoird agus an Choiste Feidhmiúcháin, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Julie O'Neill as an obair mhór a rinne sí ar son fhorbairt SEAI ó ceapadh mar Chathaoirleach í ar an 6 Meitheamh 2015. Thug sí sár-cheannaireacht straitéiseach, treoir eolach agus léirigh sí a toilteanas chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna dúshlánacha ar bhealach dearfach. Bhain SEAI tairbhe ar go leor bealaí as a saintaithí san earnáil phoiblí agus phríobháideach, a gréasán leathan, a caidrimh phearsanta láidre leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil, mar aon lena heolas ar chlár oibre an fhuinnimh inbhuanaithe agus an athraithe aeráide. Mar thoradh ar obair Julie, leanann SEAI ar aghaidh lena ról lárnach maidir le clár oibre an athraithe aeráide agus an fhuinnimh inbhuanaithe a mhúnlú.

Is iomaí forbairt a bhí ann le linn a tréimhse oifige agus 2019 a raibh, agus a mbeidh, tionchar mór acu ar SEAI:

- I ndiaidh críoch rathúil le UNFCCC COP21 i bPáras in 2015 bhí plé casta ar fheidhmiú ann, a mbeidh laghdú astaíochtaí níos déine agus atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh mar thoradh air.
- I ndiaidh próiseas comhairliúcháin cuimsitheach agus tarraingteach, d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an tUas.Richard Bruton T.D. an Plean Gníomhaíochta Aeráide.
- Dréachtaíodh reachtaíocht ar ghníomhú ar son na haeráide.
- Táthar ar aon fhocal tríd is tríd laistigh den Oireachtas ar an athrú aeráide agus ar an aistriú céim ar chéim chuig geilleagar ísealcharbóin.
- Rinneadh imfhálú ar an méadú ar cháin charbóin chun tacú le gníomhú ar son na haeráide agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh.
- Sheol SEAI Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite nua.
- Tá SEAI páirteach go díreach i 68 gníomhaíocht faoin bPlean Gníomhaíochta Aeráide: sin tuairim is 37% de na gníomhaíochtaí ar fad.
- Tá fás ar SEAI ó eagraíocht a raibh 53 duine ag obair inti in 2015 go ceann a bhfuil 91 ag obair inti anois. Beidh acmhainní breise de dhíth orainn chun na gníomhaíochtaí ar fad a dáileadh orainn sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide a chur i gcrích.
- Tháinig méadú ar bhuiséad SEAI ó €69m in 2015 go dtí an leibhéal reatha €208m agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise air seo i bhfianaise forbairtí a eascróidh ón Tascfhórsa Náisiúnta Iarfheistithe.

Thugamar go neamheaglach faoi roinnt dúshlán, go speisialta earcú an Phríomhfheidhmeannaigh, tá fás ar SEAI maidir le leithead agus fairsinge na seirbhísí a sholáthraíonn sé. Tá fás ar SEAI freisin maidir lena phaisean, lena cheannaireacht straitéiseach agus ullmhacht chun freastal ar chlár oibre ísealcharbóin an Rialtais. Leagann an Plean Gníomhaíochta Aeráide béim ar a lárnaí agus a chriticiúla agus atá saothar SEAI chun aistriú na hÉireann chuig fuinneamh níos glaine a chinntiú. Níl aon amhras a thuilleadh faoin ngéarghá le gníomhú. Is é luas an fheidhmithe an príomhdhúshlán anois agus muid ag cur athruithe riachtanacha i bhfeidhm chun Éire a athmhúnlú mar gheilleagar ísealcharbóin.

Ina fhianaise sin, is fiú suntas a thabhairt do na nithe seo a leanas:

- Tháinig ardú 1,6% ar éileamh foriomlán fuinnimh in 2018, rud atá bainteach le fás geilleagrach 1.7% (mar a mheastar de réir Éileamh Intíre Mionathraithe).
- Tháinig ísliú 1.2% ar na hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le fuinneamh agus tá siad nach mór an cúigiú cuid faoi bhun leibhéal 2005 anois. Mar sin féin, níor leor an laghdú foriomlán chun Éire a choinneáil ar an mbóthar ceart le cuspóirí fadtéarmacha dícharbónaithe a bhaint amach.
- Ar 11%, níl Éire ar an mbóthar ceart chun a sprioc cheangailteach AE 16% d'fhuinneamh a bhaint amach maidir le fuinneamh atá le teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020. Cé go bhfuil an ranníocaíocht leictreachais in-athnuaite ag druidim leis an sprioc, ar an drochuair tá na sciartha teasa agus iompair taobh thiar den sprioc ar cheart dúinn a bhaint amach.



Agus muid ag dul isteach in 2020 bhíothas ag súil gurbh é an Breatimeacht an dúshlán náisiúnta ba mhó. Ba beag súil a bhí againn, ag eascairt as an gcoróinvíreas go n-athrófaí ár saol ó bhonn, le pian agus fulaingt mhór á fulaingt ar fud an domhain. Ó pheirspictíocht SEAI, b'éigean stop a chur le cuid dár gcláir a bhaineann le gníomhaíocht iarfheistithe tógála i dtithe daoine. Tá ár n-oifigí dúnta ón 10 Márta 2020.

Ina ainneoin seo, tá cúis dóchais ann agus muid ag tnúth le tréimhse théarnaimh gheilleagraigh. Thug an ghéarchéim léargas d'Éirinn agus do mhuintir na hÉireann ar an mbealach ar féidir linn gníomhú le chéile i gcruachás. Is é an dúshlán atá ann conas an dua seo a chaitheamh sa tréimhse atá romhainn chun an chonair chuig neodracht charbóin a chur chun cinn.


Is dúshlán strusmhar é dúnadh na tíre don gheilleagar domhanda, ach léiríonn sé dúinn freisin conas is féidir lenár n-úsáid agus meascán fuinnimh dul i dtaithí ar chúrsaí ar bhealaí ollmhóra de réir mar a fhreagraíonn an geilleagar. Beidh sé ríthábhachtach anois na ceachtanna seo a bhreith linn feasta agus pacáiste spreagthaigh straitéisigh i bhfianaise gníomhaíocht gheilleagrach a athbheochan. Tá SEAI ullamh ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun ról ceannaireachta a imirt sa phróiseas seo i bhfianaise Chlár an Rialtais. Tá sé d'aidhm ag SEAI ról tábhachtach a imirt maidir leis an ngeilleagar a atógáil. Tá tionscadail ar na bacáin againn atá i ndáil le bheith réidh agus cuirfear tús leo athuair chomh luath agus is féidir agus más féidir de réir buiséad.

Ag leibhéal an AE, ag eascairt as foilsiú an Bheartais Ghlais a cuireadh i gcló le déanaí, bunófar na deich mbliana atá romhainn ar infheistíocht i dteicneolaíochtaí laghdaithe carbóin, nuálaíocht agus taighde agus forbairt. Is é misean foriomlán an Bheartais Ghlais an tAE a dhéanamh neodrach (glan ó thaobh astaíochtaí de) maidir le haeráid faoi 2050 agus fás geilleagrach a scaradh ó úsáid acmhainní agus astaíochtaí. Tá sé d'aidhm aige na 27 Ballstát a athrú ó bhonn ó gheilleagair ardcharbóin go geilleagair ísealcharbóin, gan rathúnas a laghdú agus san am céanna caighdeán maireachtála a saoránach a fheabhsú, trí aer agus uisce níos glaine, sláinte níos fearr agus dúlra a bhfuil ag éirí go sármhaith leis a chinntiú. Imreoidh SEAI a ról chun tionscadail agus cláir a chur i gcrích le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tacú le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn mar chuid de fhreagairt Rialtas na hÉireann ar Bheartas Glas an AE.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as ucht a dtacaíochta don Chathaoirleach agus dom féin, mar Chomhalta Boird Neamhspleách Sinsearach, le linn 2019. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do cheannaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh, Jim Gannon, suas go dtí deireadh Mheán Fómhair 2019, agus an Príomhfheidhmeannach eatramhach William Walsh, a leanann ar aghaidh sa ról sin ag am an-dúshlánach do SEAI, go háirithe maidir leis an eagraíocht a bhainistiú agus a threorú le linn ghéarchéim an choróinvíris. Tá an cheannaireacht agus an comhoibriú i measc na foirne ardbhainistíochta ag cur seirbhísí breisluacha d'ardchaighdeán ar fáil fós ar mhaithe le páirtithe leasmhara uile SEAI. Thar aon ní eile, leanann SEAI ar aghaidh ag dul i mbun teagmhála ar bhealach dearfach agus fiúntach le pobail áitiúla fuinnimh, chun freastal ar phríomhchuspóirí straitéiseacha náisiúnta. Is léiriú iad na pobail seo ar an méid is féidir a dhéanamh i ngeilleagar ísealcharbóin. Beidh an cheannaireacht níos tábhachtaí ná riamh le linn na tréimhse i ndiaidh ghéarchéim an choróinvíris agus maidir le freastal ar phríomhthionscnaimh straitéiseacha náisiúnta i gClár Rialtais nua.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus a oifigigh Roinne dá dtacaíocht leanúnach agus sheasmhach do SEAI inár gcomhchuspóir i dtaobh aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin. Geallaim don Aire go mbeidh comhoibriú iomlán ann ó Bhord agus Coiste Feidhmiúcháin an SEAI.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann SEAI dá ndúthracht, dá saineolas agus dá n-obair fhónta. Léirigh siad an mianach atá iontu le cúpla mí anuas. Agus obair ó chian ar siúl, leanadh ar aghaidh gan stró leis an rogha leathan seirbhísí comhairleacha a chuireann SEAI ar fáil dá chliaint. Is eiseamláir í foireann SEAI den chaighdeán is airde maidir le dúthracht agus d'éiteas oibre na hearnála poiblí.



**Peter Brennan**
Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach
Bord SEAI

# Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach

Tá SEAI ag obair leis an Rialtas, muintir na tíre, gnólachtaí, agus pobail chun todhchaí fuinnimh níos glaine a bhaint amach. Cuireann fuinneamh inbhuanaithe feabhas ar shaol daoine, tá compord agus áisiúlacht ag baint leis, agus tugann sé a aghaidh ar dhúshláin timpeallachta. Tá sé tairbheach freisin dár ngeilleagar, sa mhéid go gcruthaíonn agus go gcosnaíonn sé poist.



Cuid an-tábhachtach den turas seo is ea éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, ag spreagadh réitigh atá cost-éifeachtúil agus iomaíoch. Oibrímid freisin chun poitéinseal suntasach na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur i gcrích, trí fhorbairt gaoithe; gréine; bithfhuinnimh agus acmhainní eile in-athnuaite ar tír agus ar muir a thacú agus a chumasú. Leagann an tuarascáil seo béim ar ár bpaisean agus ar ár ndúthracht maidir leis an ról tábhachtach a imrímid chun Éire a athrú ina sochaí atá bunaithe ar struchtúir, teicneolaíochtaí agus cleachtais fuinnimh inbhuanaithe.

In 2019 chuir an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ár mbuiséad ba mhó go dtí seo ar fáil do SEAI, rud a léiríonn go soiléir an tosaíocht thar na bearta a thugann an Rialtas do ghníomhú ar son na haeráide. Gach bliain, infheistítear buiséad SEAI i ngeilleagar na hÉireann chun ár ngeilleagar a dhícharbónú, chun tacú le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscnaimh nuálaíochta. Tugann maoiniú SEAI spreagadh réigiúnach freisin d'eagraíochtaí tríd an earnáil fuinnimh agus tacaíonn sé le fás geilleagrach agus fostaíocht.

In 2019, chuir cláir a bhí á reáchtáil ag SEAI uasghráduithe fuinnimh tógála ar fáil do 24,700 úinéir tí agus 57 pobal, mar aon le córais fuinnimh fhótavoltacha do 1,800 teach eile. Thacaigh scéimeanna deontais SEAI le 4,700 ceannaitheoir d'fheithiclí leictreacha agus chabhraigh sé le 2,583 aonad luchtaithe feithiclí leictreacha baile. Thug pobail in Éirinn tacaíocht do ghníomhú ar son na haeráide in 2019, agus 345 comhalta mar chuid de líonra pobail fuinnimh anois ann. Chuaigh an earnáil phoiblí i mbun teagmhála le SEAI i 25 comhpháirtíocht nua fuinnimh, agus san earnáil phríobháideach rinne

48 tionscadal SEAI EXEED éascaíocht ar éifeachtúlacht fuinnimh i ngnólachtaí ar fud na tíre.

Roinn SEAI ár n-eolas ar fud 2019 freisin, d'óstálamar 70 imeacht comhroinnte eolais dea-chleachtais agus oiliúna. Chosain SEAI leas fuinnimh na dtomhaltóirí, le 415 idirghabháil lipéadaithe fuinnimh agus faireachais margaidh éici-dheartha in 2019, agus maoirseacht leanúnach na scéimeanna oibleagáide soláthraí fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. In 2019 rinne foireann eolaíochta iompraíochta SEAI cúig thriail allamuigh ar bhealaí chun gníomhaíocht tomhaltóirí a spreagadh maidir le fuinneamh inbhuanaithe, léargais a aimsiú ar ar féidir linn tionscnaimh a thógáil agus comhairle a chur ar bheartas amach anseo. D'óstálamar an chéad Chomhdháil Taighde Fuinnimh agus Beartais Náisiúnta i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, ag éascú plé ar ról an taighde ar fhuinneamh agus ar bheartas chun cuspóirí fadtéarmacha na hÉireann i dtaobh fuinneamh níos glaine a bhaint amach.

Tá sainordú ag SEAI anailís bheartais, réamhaisnéisí agus tacaíocht samhaltaithe a sholáthar don Rialtas. Agus muid ag iarraidh ár mbealach a dhéanamh i dtreo 2030 agus ina dhiaidh, tá sé ríthábhachtach go leanaimid orainn leis an ról seo a láidriú. Agus muid ag obair i gcomhar lenár máthair-roinn agus ranna eile rialtais, leanaimid orainn ag tacú lena bpróisis bheartais agus chinnteoireachta de réir mar a fhorbraíonn ár bhfreagairt ar an dúshlán aeráide.

Beidh taighde agus nuálaíocht ar fud gach disciplín agus earnála ríthábhachtach má táimid chun an raon iomlán deiseanna fuinnimh inbhuanaithe d'Éirinn a thapú. Láidrigh SEAI a thacaíocht do na gníomhaíochtaí taighde fuinnimh agus nuálaíochta le linn 2019 agus tá beartaithe againn feabhsuithe breise a chur i bhfeidhm sula i bhfad. Agus muid ag obair lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, chuir SEAI maoiniú €11 mhilliún ar fáil do 50 tionscadal taighde in 2019. Nuair a thiocfaimid slán ón gcur isteach fíor-eisceachtúil ar ghnó agus ar gheilleagar de bharr an choróinvíris, b'fhéidir go mbeadh deis ann an geilleagar a spreagadh ar bhealach a dtacaíonn le dlús a chur le gnóthú sprice im Éirinn. Léiríonn tuarascáil Fuinneamh In-athnuaite in Éirinn SEAI a foilsíodh le deireanas go bhfuil dúshláin faoi leith roimh Éirinn in earnáil an teasa in-athnuaite. Cuireadh tús in 2019 le céim a dó den Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite a sholáthraíonn tacaíocht do ghnólachtaí chun infheistiú i dteicneolaíochtaí agus chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí a ghineann teas ó acmhainní in-athnuaite, amhail coirí bithmhaise, monarchana díleá anaeróbaigh nó caidéil teasa.

In 2019 d'fhoilsigh an tAire Richard Bruton an Plean um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide chun Dul i nGleic le Teip Aeráide. Thug SEAI tacaíocht shuntasach don Aire agus dá fhoireann oifigeach maidir leis an bplean a chur i gcrích. Tá príomhfhreagracht ar SEAI i gcomhair líon ard de na 180 gníomhaíocht atá ar fáil sa phlean, agus ról tacaíochta aige i gcomhair roinnt mhaith eile. Fáiltíonn lucht bainistíochta agus foireann SEAI go mór roimh an deis seo agus tá siad tiomanta do na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha síos sa phlean.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do dhíograis leanúnach, paisean, agus dúthracht ár bhfoirne agus Bhord SEAI. Glacaim buíochas leo as a dtiomantas agus as a dtacaíocht agus táim ag tnúth go mór le hobair leo chun todhchaí inbhuanaithe a sholáthar. Gabhaim buíochas freisin leis an Aire agus oifigigh na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil dá gcomhoibriú agus tacaíocht leanúnach ar mhaithe le SEAI agus an obair thábhachtach a dhéanaimid. I bhfianaise uaillmhianta na hÉireann i dtaobh na haeráide atá ag fás, agus spreagadh gheilleagar na hÉireann i ndiaidh an choróinvíris, beidh ról tábhachtach ag SEAI chun fuinneamh ár dtíre a mhúnlú in 2020 agus ina dhiaidh.



**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**" I bhfianaise uaillmhianta na hÉireann i dtaobh na haeráide atá ag fás, agus spreagadh gheilleagar na hÉireann i ndiaidh an choróinvíris, beidh ról tábhachtach ag SEAI chun fuinneamh ár dtíre a mhúnlú in 2020 agus ina dhiaidh. "**

# Roinnt dár nGnóthachtálacha don Bhliain 2019

**€140m**
Infheistíodh cistí Rialtais €140m in aistriú na hÉireann chuig fuinneamh glan

**€32m**
i gcoigiltis costas agus seachnaíodh 130,000 tona astaíochtaí CO2 sa bhliain

**€84m**
Cuireadh tacaíocht deontais €84m ar fáil do 24,742 uasghrádú fuinnimh baile lena n-áirítear 3,482 baile atá bocht ó thaobh fuinnimh de

**57**
tionscadal fuinnimh pobail a maoiníodh ar fud na hÉireann

**345**
comhalta líonra pobal fuinnimh inbhuanaithe thar ceann breis agus 15,000 saoránach

## SAORÁNAIGH AGUS POBAIL

Foilsíodh
**103,000+**
BER trí chórais SEAI

Ghlac
**70,000**
dalta páirt i gclár oideachais SEAI

Tugadh tacaíocht do
**4,700**
feithicil leictreacha agus 2,583 aonad luchtaithe baile

## EARNÁIL PHOIBLÍ AGUS GHNÓ

Tugadh tacaíocht do
**13**
thionscadal teasa bithfhuinnimh ar chostas €355,000 in aghaidh na bliana ar feadh cúig bliana déag

Sábháladh
**€12.4m**
trí thionscadail a chuir 190 comhalta líonra fuinnimh i dtionscail mhóra i bhfeidhm

**48**
Tugadh tacaíocht do 48 mór-uasghrádú fuinnimh le €2.7 milliún trí SEAI EXEED

**70**
imeacht dea-chleachtais comhroinnte eolais agus oiliúna a soláthraíodh do bhreis agus 2,000 duine

**89**
Tugadh tacaíocht do 89 iarfheistiú foirgneamh poiblí le €9 milliún, rud a thugann infheistíocht €16 mhilliún don tionscadal iomlán

## LÉARGAIS BHEARTAIS, TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

**€11m**
Cuireadh €11m ar fáil do 50 tionscadal taighde nuálaíochta

**10**
Cuireadh 10 dtuairisc agus bpáipéar shuntasacha ar fáil, inar cuireadh síos ar na roghanna beartais d'Éirinn chun dul i ngleic le hathrú aeráide

**€3.6m**
Infheistíodh €3.6m i ngléasanna fréamhshamhla fuinnimh aigéin agus forbairt láithreáin tástála

D'óstáil SEAI an chéad Chomhdháil Taighde Fuinnimh Náisiúnta agus Beartais i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

**5**
Cuireadh 5 thriail iompraíochta fuinnimh inbhuanaithe i gcrích chun tuiscint níos fearr a fháil ar a spreagann saoránaigh chun gníomhú

Beidh samhaltú fuinnimh agus anailís teicneolaíochta SEAI mar bhonn agus mar thaca le Plean Aeráide Fuinnimh Náisiúnta na hÉireann

# ÁR dTIONCHAR

Tá fuinneamh níos glaine **ríthábhachtach do shláinte agus d'fholláine ár dtíre agus do na glúnta atá le teacht**



# Tá SEAI ag cabhrú le húsáid fuinnimh a athrú ó bhonn ar fud na tíre



## UACHTARLANN CHOMHARCHUMANN THIOBRAID ÁRANN

**Tacaíonn Líonra Fuinnimh Tionscal Mór SEAI le 200 de na húsáideoirí fuinnimh is mó in Éirinn maidir lena n-uaillmhianta agus lena dtiomantais éifeachtúlachta fuinnimh.**

Tháinig Comharchumann Thiobraid Árann isteach sa líonra in 2018 agus d'oibrigh sé go han-dian ó shin i leith ar fheabhas a chur lena bhfeidhmíocht fuinnimh. Is le feirmeoirí an uachtarlann agus próiseálann sí tuairim is 350 milliún lítear bainne in aghaidh na bliana.

Dar le JP Bourke, an Bainisteoir Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta san uachtarlann, "an cuspóir deiridh ná neodracht carbóin a bhaint amach maidir le bailiú bainne agus gníomhaíochtaí monarchan.

Tá ceithre chrann taca lenár gclár Inbhuanaitheachta: gníomhaíochtaí feirme, bailiú bainne, gníomhaíochtaí monarchan agus rannpháirtíocht leis an bpobal. Is ón mbonn aníos atá an tionscadal á chur chun cinn agus dá thoradh sin tá uas-sciliú i gceist le fostaithe maidir le gníomhaíochtaí agus cothabháil araon".

D'éirigh leis an uachtarlann bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm a chinntigh coigiltis de bhreis agus 10% go dtí seo.

Gníomhaíocht lárnach amháin ba ea kaizen fuinnimh ar an ngnás galaithe. Rinne foireann ildisciplíneach athbhreithniú ar ghníomhaíocht na monarchan, chun coigiltis ísle agus coigiltis gan chostas a shainaithint.

Cuid an-tábhachtach de rath na n-uasghráduithe fuinnimh san uachtarlann ba ea córas bainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm, rud a dhaingnigh deimhniú go ISO50001 ar deireadh thiar. Bhí gá le rannpháirtíocht agus tacaíocht ó pháirtithe leasmhara ar fud na gnólachta mar chuid den aistriú seo.

> 10%
>
> **D'éirigh leis an uachtarlann bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm a chinntigh coigiltis de bhreis agus 10% go dtí seo**



## TAPAÍONN BOCAN DEISEANNA ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

**Is naíolann phobail í Bocan i gCoill Dubh, Co. Dhún na nGall a fhreastalaíonn ar 72 teaghlach sa cheantar áitiúil. Is príomhthosaíocht é cúram leanaí inacmhainne do Bocan agus bíonn siad sa tóir i gcónaí ar bhealaí chun costais a laghdú tuilleadh fós do thuismitheoirí.**

Agus iad ag cloí lena dtiomantas féin ar ghníomhú ar son na haeráide agus le tacaíocht airgeadais ó SEAI, chuir Bocan bearta coigiltis fuinnimh sa naíolann i gcrích. Lig na huasghráduithe fuinnimh inbhuanaithe dóibh costais a laghdú tuilleadh do thuismitheoirí agus a lorg carbóin a fheabhsú ag an am céanna.

Shuiteáil Bocan caidéal teasa gheoiteirmigh, rud a chuir deireadh leis an ngá le teas ola, agus painéil fhótavoltacha ghréine ar an díon chun cumhacht a sholáthar do na gléasanna leictreacha sa naíolann.

Dúirt Caroline Borden, Bainisteoir na naíolainne an méid seo "Táimid chun €3,000 in aghaidh na bliana a shábháil rud a ligeann dúinn táillí naíolainne a laghdú do thuismitheoirí. Tá poitéinseal mór millteach ann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide eile ar fud na hÉireann chun coigiltis a dhéanamh trí roghanna fuinnimh níos cliste. Is príomhthosaíochtaí iad cúram leanaí agus inbhuanaitheacht inacmhainne don naíolann. Dá mbeadh fiontar beag go fiontar meánmhéide chun é a fhiosrú, mholfainn go hiomlán é. Is costas amháin eile nach mbeidh orainn bheith ag faire amach dó feasta."

Cuireann SEAI raon tacaíochtaí airgeadais ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide amhail Bocan atá ag féachaint lena mbillí fuinnimh a laghdú agus gníomhú dearfach ar son na haeráide a chur chun cinn sa phobal. Is féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide suas le 10% a shábháil ar bhillí fuinnimh trí athruithe beaga a dhéanamh agus infheistiú i dteicneolaíocht éifeachtúlachta fuinnimh.

## GLACANN COLÁISTE POBAIL PHÁIRC BHAILE CHOILÍN LE FUINNEAMH INBHUANAITHE

**Trí comhoibriú le Microsoft, SSE Airtricity agus SEAI, bhí an coláiste pobail i mBaile Átha Cliath Thiar in ann plean éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar chostais arda.**




Dála go leor scoileanna eile, ba í an cheist ba mhó maidir le húsáid fuinnimh ná costais mhéadaithe leictreachais. Ach ansin thapaigh an mheánscoil seo atá feasach ar chúrsaí fuinnimh an deis chun fuinneamh in-athnuaite agus oideachas timpeallachta a nascadh lena cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach,

Fuair an scoil deontas rialtais chun suiteáil 30 Painéal Gréine PV agus aonad cadhnra a chistiú a d'oibrigh go breá do scoil le líon ard daltaí.

Chuir siad LEDanna agus braiteoirí ann freisin in ionad daingneáin solais sa phríomhfhoirgneamh, rud a bhí ina réiteach ardéifeachtúlachta soilsithe.

Chabhraigh na huasghráduithe fuinnimh seo leis an scoil chun a mbille soilsithe a laghdú 90% agus a mbille foriomlán leictreachais a laghdú 50%. €250,000 ba ea an infheistíocht iomlán ar an tionscadal, le cistiú 50% trí dheontas Pobail SEAI.

Mar aon le breoslaí iontaise a mhalartú le fuinneamh in-athnuaite, thug an scoil faoi mhisean oideachais chun an fhoireann agus na daltaí a chumasú maidir le hinbhuanaitheacht. Rinneadh é seo trí shraith imeachtaí amhail turais scoile, ceardlanna, dúshláin, agus comórtais.

"Dhírigh an tionscadal rathúil seo ar éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus oideachas a chur ar dhaltaí, ar an bhfoireann agus ar an bpobal trí chéile. Gan an tacaíocht ó SEAI, Microsoft agus SSE Airtricity níorbh fhéidir linn ár dturas glas a dhéanamh. Tá súil againn go spreagfaidh an tionscadal seo scoileanna eile chun gníomhaíocht aeráide mar seo a chur i bhfeidhm," a dúirt Pauline Duffy, Príomhoide Choláiste Pobail Bhaile Choilín.



## UASGHRÁDUITHE FUINNIMH IN IONAD ALZHEIMER NA MBEITHEANNA I NDÚN DEALGAIN

**Tá uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a cuireadh i bhfeidhm le tacaíocht ó dheontas pobail SEAI, ag coinneáil othair in Ionad Alzheimer na mBeitheanna níos teo agus níos sláintiúla.**

In 2019 thacaigh SEAI le 450 tionscadal uasghrádaithe pobail neamh-intíre amhail na Beitheanna ar a dturas éifeachtúlachta fuinnimh. Ó thaobh fad saoil de, tá sé an-tábhachtach go gcoinníonn an t-othar a bhfuil néaltrú de shaghas ar bith air/uirthi te agus is féidir leis na siomptóim dul in olcas dóibh siúd atá ag fulaingt leis an ngalar díblithe seo má tá fuacht ann.

Tharraing iniúchadh cuimsitheach fuinnimh aird ar an bpointe go bhfuil 70% de chostais fuinnimh iomlána an ionaid i gceist leis an mbille teasa. Thug sé seo ar fhoireann na mBeitheanna féachaint ar bhealaí chun a mbille fuinnimh teasa a laghdú, ag baint a gconaire fuinnimh inbhuanaithe amach. Nuair a bhí cruinniú ag Gerard Murphy, Cathaoirleach na mBeitheanna, le Eugene Conlon ó Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Dhún Léire, thosaigh rudaí ag teacht le chéile.

Chuidigh Eugene leis na Breitheanna leas a bhaint as deontas pobail SEAI, clár deontais rialtais a thacaíonn le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh trí chistiú caipitil, comhpháirtíochtaí agus tacaíocht theicniúil. Fuair na Breitheanna €38,000 ó SEAI i dtreo roinnt uasghráduithe fuinnimh san ionad. Ar na huasghráduithe bhí insliú dín agus balla, mar aon le fuinneoga agus doirse nua, céad chéimeanna fíorthábhachtacha i gcomhair foirgnimh fhuara. Chuir siad caidéal teasa aer-go-huisce agus córas gréine PV leis freisin.

Ba é aidhm na n-uasghráduithe fuinnimh ná an foirgneamh a dhéanamh "níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, níos teo, níos sábháilte, níos fusa le húsáid agus go gcuimseoidís réitigh fuinnimh in-athnuaite a fhreastalódh ar riachtanais na gcliant agus a chuideodh lenár gcuspóirí athraithe aeráide náisiúnta a sholáthar," a dúirt Eugene Conlon.

Is féidir leis an ionad an t-airgead a sábháladh ar theas agus ar leictreachas a úsáid ar earraí eile san ionad. Laghdóidh sé freisin an méid airgid a bheidh le tiomsú gach bliain.

**" Ba é aidhm na n-uasghráduithe fuinnimh ná an foirgneamh a dhéanamh "níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, níos teo, níos sábháilte, níos fusa le húsáid agus go gcuimseoidís réitigh fuinnimh in-athnuaite a fhreastalódh ar riachtanais na gcliant agus a chuideodh lenár gcuspóirí athraithe aeráide náisiúnta a sholáthar. "**



## ÓSTÁN KELLY AG ÚSÁID BITHMHAISE AR CHOIGILTIS FUINNIMH

**In Éirinn, tá gnólachtaí ag tapú na deise anois chun teacht i dtír ar bhithfhuinneamh, ceann de na hearnálacha fuinnimh in-athnuaite is mó fás.**

Tá Óstán Saoire agus Spá Kelly i gCo. Loch Garman ag baint úsáid as bithmhais chun a bhfoirgnimh a théamh leis na blianta fada.

Tá Bill Kelly, úinéir an óstáin an-fheasach ar riachtanais agus spriocanna a aíonna. Deir sé: "Tá i bhfad níos mó custaiméirí feasach ar chúrsaí glasa anois. Tá siad ag brath ar chuairt a thabhairt ar óstáin atá ag oibriú de réir plean inbhuanaitheachta don todhchaí.

Bheartaíomar dul le coire slise adhmaid de bharr go raibh sé neodrach ó thaobh carbóin de agus de bharr go raibh sábháil mhór chostais ag baint leis. Bhíomar ag úsáid 175,000 go 200,000 lítear ola in aghaidh na bliana. Anois táimid ag úsáid níos lú ná 50,000 lítear ola in aghaidh na bliana."

Chaith Óstán Kelly an-dua lena n-óstán a choinneáil glas. Tá plean inbhuanaitheachta acu a gcuireann Bill síos air mar 'phróiseas leanúnach'. Leis an gcoire slise adhmaid, tá an t-óstán ag sábháil 260 tona carbóin in aghaidh na bliana.

Líonann an Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite a bhfuil maoiniú ón rialtas aici an bhearna idir an tsuiteáil agus na costais ghníomhaíochta a bhaineann le córais teasa in-athnuaite, amhail coirí bithmhaise, agus na roghanna traidisiúnta breosla iontaise.

260 tona

**Leis an gcoire slise adhmaid, tá an t-óstán ag sábháil 260 tona carbóin in aghaidh na bliana**

**" Bhíomar ag úsáid 175,000 go 200,000 lítear ola in aghaidh na bliana. Anois táimid ag úsáid níos lú ná 50,000 lítear ola in aghaidh na bliana. "**

## IS COR CINNIÚNACH É LUCHTAIRE BAILE FEITHICLE LEICTRÍ DO DEREK MURTAGH

**Ar na príomhbhearta a gcuirtear síos orthu sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun feabhas a chur ar earnáil an iompair, tá méadú ar líon na bhfeithiclí leictreacha ar bhóithre na hÉireann.**




Tá breis agus 17,000 feithicil leictreacha cheana ar bhóithre na hÉireann. Chun cabhrú le níos mó daoine chun an t-athrú a dhéanamh chuig ábhar leictreach, thug SEAI deontas a bhfuil maoiniú ar fáil ón rialtas lena aghaidh isteach do luchtairí baile feithicle leictrí. Go dtí seo tá beagnach 4,100 tiománaí tar éis leas a bhaint as an deontas.

Cheannaigh Derek Murtagh, innealtóir ó Bhaile Átha Cliath, a chéad fheithicil leictreach dhá bhliain ó shin. Is cuid an-tábhachtach de shaol Derek í an inbhuanaitheacht - tá cónaí ar an gcóitsealaí rugbaí i dteach A-aicmithe agus tá sé pósta le heolaí timpeallachta. I gcás Derek, mhaolaigh an luchtaire baile an imní faoin raon agus chabhraigh sé leis dul ar aghaidh le saol níos inbhuanaithe.

Deir Derek: "Ba chor cinniúnach ceart é luchtaire baile a fháil. Bhí an oiread sin suaimhneas intinne againn nuair a bhí a fhios againn go raibh pointe againn chun an carr a luchtú. Bainim úsáid as an bhfeithicil mórán gach lá den tseachtain, is iondúil go mbím ag taisteal tuairim is 100km. Bhí costas €1,500 in aghaidh na bliana ag baint le mo ghluaisteán deiridh ó thaobh breosla de agus €1,500 eile ó thaobh cánach agus seirbhíse de. Cuir é sin i gcomparáid le €10 i mbillí breise leictreachais in aghaidh na seachtaine ar mo charr leictreach. Faighim billí dola M50 laghdaithe freisin mar sin sábhálann sé sin €500 eile. Tá an-áthas orm anois.

Thóg sé cúpla seachtain orm dul i dtaithí ar charr leictreach a thiomáint ach ní fheictear dom go gceannóidh mé aon rud seachas carr leictreach feasta."




## POBAL FUINNIMH INBHUANAITHE CHOILL AN IARAINN

**De réir mar a bhogann Éire chun cinn inár n-asitriú chuig geilleagar ísealcharbóin, tá pobail áitiúla mar phobal Choill an Iarainn, Co. Loch Garman ag teacht le chéile chun gníomhú ar son na haeráide.**

Tá Cumann Forbartha Choill an Iarainn agus an Bhaile Fhada ar cheann de na 350 pobal i líonra pobal fuinnimh SEAI.

Siar in 2018, d'fhreastail Karen Finigan, a d'fhill le deireanaí óna bheith ag cur fúithi thar lear, ar imeacht SEAI chun níos mó a fhoghlaim faoina bhféadfadh sí a dhéanamh ina pobal áitiúil. I ndiaidh an chruinnithe, chuaigh sí i mbun foireann cheannaireachta a bhunú láithreach don ghrúpa pobail nuabhunaithe agus ghlac siad ballraíocht i líonra SEAI. Ar cheann de na cuspóirí a chuir an fhoireann rompu féin ná feasacht a ardú i measc a bpobail áitiúil maidir leis na tairbhí a bhí ag baint le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inbhuanaithe. Bhí a fhios acu gur ghá dóibh tacaíocht a fháil agus cinntiú go mbeadh gach duine páirteach dá mbeidís ag iarraidh tionchar mór agus buan bheith acu. D'óstáil siad Aonach Inbhuanaitheachta a raibh an-rath air le daoine ó na sráidbhailte in aice láimhe páirteach ann freisin.

Deir Karen, "Rinne daoine a míle dícheall leis agus ba chosúil gur chomhlíon sé riachtanais foghlama agus spéise go leor daoine. Níl muid ach ina thús ach is iontach an spiorad atá timpeall an tsráidbhaile dá bharr. Tá daoine gníomhach agus ag machnamh ar an méid is féidir a dhéanamh chun fuinneamh a shábháil agus conas is féidir linn bogadh i dtreonna inbhuanaithe go ginearálta".

Tá Pobal Choill an Iarainn gafa anois lena máistirphlean fuinnimh a dhréachtú a leagfaidh amach na gníomhaíochtaí is gá dóibh a dhéanamh chun ídiú fuinnimh a laghdú agus chun aistriú chuig pobal ísealcharbóin.

> **" Táthar ag baint leas as na torthaí taighde i gcás páipéir bheartais agus chuidigh siad le dul i gcion ar pholasaí náisiúnta, go háirithe i dtaca le sprioc 70% RES-E de chuid Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide faoi 2030. "**

## MAOINIÚ TAIGHDE AG TACÚ LE PÁIPÉIR THAIGHDE AGUS SPRIOCANNA AERÁIDE

**Chuir SEAI tacaíocht €11m ar fáil do 50 tionscadal taighde fuinnimh agus forbartha atá ar thús cadhnaíochta in 2019, inar cuireadh réitigh chun cinn a sholáthróidh réitigh fuinnimh ghlain d'Éirinn.**



Cuireadh i bhfad ní ba mhó spéise i gClár Cistithe Forbartha agus Taisealbhaidh, Taighde Náisiúnta Fuinnimh agus bhí sé thar a bheith iomaíoch. Reáchtáladh an glaoch le tacaíocht ó chomhpháirtithe cómhaoinithe straitéiseacha lena n-áirítear: Líonraí Gáis Éireann, Grúpa BSL agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.

Bronnadh €49,637 ar Chomhairliúchán Eangaí Mullan, i gcomhar le Gaoth ABO, Coillte agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trí ghlaoch ar mhaoiniú taighde 2018. Scrúdaigh a gcomhthionscadal córas leictreachais na hÉireann, rinneadh iniúchadh ar an tionchar agus tábhacht choibhneasta agus iomlán a bhaineann le raon roghanna maidir le laghdú agus maolú i dtaobh córais RES-E ard in 2030 agus 2040.

D'fhorbair an fhoireann samhail chun laghdú a mheas in Éirinn agus úsáideadh an tsamhail seo le hiniúchadh a dhéanamh ar bhearta agus ar roghanna poitéinsiúla chun laghdú a mhaolú in 2030. San áireamh sna bearta bhí: Srianta oibríochta a mhaolú, toilleadh breise idirnasctha, stóras fuinnimh, fachtóirí breise toillte gaoithe, éagsúlú teicneolaíochtaí e.g. toilleadh gréine agus bainistiú don éileamh.

Táthar ag baint leas as na torthaí taighde i gcás páipéir bheartais agus chuidigh siad le dul i gcion ar pholasaí náisiúnta, go háirithe i dtaca le sprioc 70% RES-E de chuid an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide faoi 2030.

Bhí Paul Blount, Stiúrthóir Punainne Coillte, ina cheannaire ar na gnéithe forbartha samhla agus anailísíochta den tionscadal seo, agus bhronn cumann thionscal na gaoithe gradam Phearsa na Bliana air in 2020 dá obair shármhaith ar son beartais. Tá an tuairisc theicniúil deiridh ar fáil le híoslódáil ó Bhunachar Sonraí Taighde Fuinnimh Náisiúnta a thugann achoimre mhion ar na príomhchonclúidí agus príomh-mholtaí.

€49,637

**Bronnadh €49,637 ar Chomhairliúchán Eangaí Mullan, i gcomhar le Gaoth ABO, Coillte agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trí ghlaoch ar mhaoiniú taighde 2018**

**“ Bhain an Ollscoil tairbhe as tacaíocht fhoireann earnála poiblí SEAI agus tacaíonn sí le agus glacann sí páirt i gcomhroinnt agus foghlaim comhpháirtí le comhpháirtí laistigh den earnáil 3ú leibhéal. ”**




## SÁRAÍONN OÉ GAILLIMH SPRIOCANNA AERÁIDE TRÍ CHLÁR COMHPHÁIRTÍOCHTA EARNÁLA POIBLÍ

**Trí Chlár Comhpháirtíochta Earnála Poiblí, tugadh tacaíocht d’OÉ Gaillimh maidir le freastal ar sprioc gníomhaíochta aeráide rialtais 2020 de 33%.**

Tá sprioc nua agus uaillmhianach de 40% le haghaidh 2020 leagtha síos ag an Ollscoil.

Tá OÉ Gaillimh ar cheann de na chéad ollscoileanna in Éirinn chun an sprioc seo de 36% le haghaidh 2020 a shárú. Bhain an Ollscoil tairbhe as tacaíocht fhoireann earnála poiblí SEAI agus tacaíonn sí le agus glacann sí páirt i gcomhroinnt agus foghlaim comhpháirtí le comhpháirtí laistigh den earnáil 3ú leibhéal.

“Chuireamar ISO 50001 i bhfeidhm siar in 2012, chabhraigh sé sin leo monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar a n-éilimh fuinnimh trí mhic léinn agus comhaltaí foirne ar champas a spreagadh le laethanta múchta a bheith acu. Ar na gnéithe an-tábhachtach mar chuid dár n-uasghráduithe fuinnimh tá pointí Feithicle Leictrí, Coirí Bithmhaise, PV Gréine agus lear mór tionscadail LED ar fud an champais. Bhunaíomar Foireann Fuinnimh OÉG in 2006 ina bhfuil Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh, Ardbhainisteoirí ón Ollscoil, comhaltaí foirne cothabhála agus meicniúla agus sainchomhairleoirí eile,” a mhíníonn Michael Curran, Ceann Seirbhísí Foirgnimh, Fuinnimh agus Fóntas in OÉG.

Tá OÉ Gaillimh tiomanta d’fhealsúnacht Mair, Foghlaim agus Treoraigh a leanúint chun ídiú fuinnimh a laghdú tuilleadh faoi 2030. Tá an cur chuige iomlánaíoch seo ag cur torthaí den scoth ar fáil ar bhealach comhoibríoch agus cuimsitheach a bhfuil sár-straitéis fhadtéarmach mar thaca leis le ceannaireacht láidir ó Uachtarán an choláiste.

Cuireann Uachtarán na hOllscoile, Ciarán Ó hÓgartaigh, a thiomantas do Chuspóirí Feidhmíochta Fuinnimh in iúl gach bliain tríd an mBeartas Fuinnimh a shíniú ag gealladh go gcomhlíonfaidh an ollscoil spriocanna atá leagtha síos sa phlean fuinnimh.

36%

**Tá OÉ Gaillimh ar cheann de na chéad ollscoileanna in Éirinn chun an sprioc seo de 36% le haghaidh 2020 a shárú**





## TÁ CAIFÉ FAIR PLAY SA RINN AG BOGADH I DTREO TODHCHAÍ SAOR Ó CHARBÓN

**Le tacaíocht ó líonra pobal SEAI, tá Caifé Fair Play ag aistriú ina fhoirgneamh pobail saor ó charbón agus ina chroílár inbhuanaitheachta sa Rinn.**

Tá Caifé Fair Play ina chroílár maidir le Pobal Fuinnimh Inbhuanaitheachta na Rinne agus an Bhaile Ghaelaigh (RISEC) ó tháinig sé ar an bhfód in 2018. Bhí Joe Donnelly, Cathaoirleach RISEC agus Príomhfheidhmeannach Chaifé Fair Play, meáite ar leas a bhaint as stádas an chaifé mar ionad pobail seanbhunaithe chun tairbhí an fhuinnimh inbhuanaithe a chur os comhair an phobail.

Chistigh SEAI Máistirphlean Fuinnimh a chuir plean oibre ar fáil do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh don phobal. San áireamh leis seo bhí iniúchadh fuinnimh ar an gcaifé.

"Ghlacamar le moladh an iniúchta fuinnimh maidir le plean gníomhaíochta a fhorbairt d'infheistíocht ar bhonn céimithe sna trí nó ceithre bliana atá romhainn. Bhíomar ag iarraidh go mbeadh léiriú físiúil láidir ann maidir le fuinneamh inbhuanaithe agus bheartaíomar ar phainéil PV ghréine a shuiteáil le scáileán taispeána ag taispeáint leibhéil ghiniúna," a dúirt Joe Donnelly.

Suiteáladh 3kW PV gréine ag comhlíonadh 16% den ídiú iomlán leictreachais. Shábháil soilsiú LED éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de 21% den ídiú iomlán leictreachais. Laghdaigh ard-sriantáin teasa d'am, teocht agus zónrialú teas spáis neamhriachtanach. Ar deireadh, laghdaigh doras inslithe caillteanas teasa agus séideáin ag cruthú spás níos compordaí. Bhí Caifé Fair Play i dteideal cur isteach ar maoiniú deontais 50% trí scéim deontas pobail SEAI, rud a bhí ríthábhachtach maidir leis an gcinneadh chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal.

"Is ábhar cainte iad na painéil PV ghréine agus scáileán taispeána i measc cuairteoirí ar an gcaifé anois agus cruthaíonn siad go leor spéise in RISEC agus tionscadail phoitéinsiúla," a dúirt Joe.

Cheadaigh suiteáil na n-ard-sriantán teasa rialú ama agus teochta i zóin éagsúla agus seachnaíonn cianrochtain téamh neamhriachtanach nuair nach mbíonn sé in úsáid. Ar deireadh, laghdaigh doras inslithe caillteanas teasa agus séideáin ag cruthú spás níos compordaí agus mar thoradh air tá sábháil ghái s 26.5% ar 6,000 kWh/yr. Rinneadh sábháil airgid €1,300 in aghaidh na bliana ó cuireadh na huasghráduithe fuinnimh i bhfeidhm.

**" Ghlacamar le moladh an iniúchta fuinnimh maidir le plean gníomhaíochta a fhorbairt d'infheistíocht ar bhonn céimithe sna trí nó ceithre bliana atá romhainn. Bhíomar ag iarraidh go mbeadh léiriú físiúil láidir ann maidir le fuinneamh inbhuanaithe agus bheartaíomar ar phainéil PV ghréine a shuiteáil le scáileán taispeána ag taispeáint leibhéil ghiniúna. "**


# Sonraí agus léargais SEAI: ag dul i gcion ar bheartas fuinnimh náisiúnta

Tá sainordú dlíthiúil ar SEAI staitisticí agus meastacháin fuinnimh náisiúnta na hÉireann a chur ar fáil gach bliain.

Léiríonn aschuir ó na feidhmeanna seo dul chun cinn ar spriocanna atá bainteach le fuinneamh, astaíochtaí atá bainteach le fuinneamh agus conairí sa todhchaí chun córas fuinnimh na hÉireann a athrú ó bhonn - is é an aidhm atá ann go mbeidh astaíochtaí neodrach ó thaobh fuinnimh faoi 2050. Iniúchann ár bhfoireann eacnamaíochta iompraíochta conas a úsáideann tomhaltóirí fuinneamh agus conas a dhéanann siad cinntí ceannaigh chun athruithe intomhaiste a spreagadh i gcás iompraíocht fuinnimh teaghlaigh agus gnólachta. Reáchtálaimid meicníochtaí airgeadais nuálacha freisin a thacóidh go láidir le foirgnimh na hÉireann a dhícharbónú.

Soláthraímid anailís bheartais chun tionchar beartas reatha rialtais a léiriú agus chun smaointe nua a fhorbairt i dtaobh comhairle ar lucht déanta beartas sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus fóraim beartas aeráide eile. Chuaigh obair SEAI sa réimse seo i gcion le deireanas ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais, ar an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus ar an Thascfhórsa Iarfheistithe Tithíochta Náisiúnta.

Mar aon le comhairle a chuirtear go díreach ar an Rialtas, tá roinnt de na príomfhoilseacháin in 2019 san áireamh thíos:





## FUINNIMH IN ÉIRINN – TUARASCÁIL 2019

Ár léargas bliantúil ina gcuirtear staitisticí deifnídeacha i láthair maidir le soláthar agus úsáid fuinnimh in Éirinn. Thug tuarascáil 2019 le fios go raibh fuinneamh i dtaca le taisteal aeir ar an leibhéal ab airde riamh in 2018; leanaimid orainn ag baint barr feabhais amach maidir le cur le leictreachas inbhuanaithe ar ár n-eangach; agus tuigtear dúinn go bhfuil go leor oibre le déanamh againn fós chun úsáid teasa a dhícharbónú in Éirinn.

## IOMPRAÍOCHT FUINNIMH AG ATHRÚ – CAD A OIBRÍONN?

Athbhreithniú ar fhianaise idirnáisiúnta ar cad a oibríonn maidir le hiompraíochtaí fuinnimh inbhuanaithe a spreagadh. Mhol an tuarascáil roinnt idirghabhálacha chun iompraíocht a athrú, táthar ag tástáil cuid acu seo in Éirinn anois chun an bonn fianaise a láidriú i gcomhair lucht déanta beartas a dtéann eolaíocht iompraíochta i gcion orthu.



# Taighde agus teicneolaíocht

Tugann SEAI faoi raon gníomhaíochtaí taighde agus forbartha.

**“ Is áisitheoir tábhachtach é Clár Cistithe Forbartha agus Taisealbhaidh, Taighde Náisiúnta Fuinnimh SEAI maidir le spriocanna beartais fuinnimh na hÉireann ón meántéarma go dtí an fadtéarma. ”**

Orthu sin tá reáchtáil clár cistithe de chuid Fhorbairt Fréamhshamhla Fuinnimh Aigéin, Forbairt agus Taisealbhadh, Taighde Náisiúnta Fuinnimh; ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann ag fóraim thábhachtacha idirnáisiúnta maidir le beartais taighde agus teicneolaíochta (AE, UNFCCC agus IEA) agus roinnt gníomhaíochtaí beartais taighde náisiúnta ar fud an Rialtais.

Cabhraíonn an obair seo le forbairt an bhoinn fianaise chun tacú le ceapadh beartais, agus tríd an obair seo gníomhaíonn SEAI mar chomhairleoir dílis neamhspleách don Rialtas, forbraíonn sé caighdeáin theicniúla agus tacaíonn sé le forbairtí margaidh i gcomhair príomhtheicneolaíochtaí fuinnimh agus ar fud earnálacha teasa, leictreachais agus timpeallachta tógtha.

Is áisitheoir tábhachtach é Clár Cistithe Forbartha agus Taisealbhaidh, Taighde Náisiúnta Fuinnimh SEAI maidir le spriocanna beartais fuinnimh na hÉireann ón meántéarma go dtí an fadtéarma. Amhail glaoch chlár 2018, cuireadh i bhfad ní ba mhó spéise i nglaoch 2019 i gcomórtas leis na blianta roimhe seo. Tharraing SEAI trí chomhpháirtí chómhaoinithe nua straitéiseacha isteach le haghaidh 2019 (Líonraí Gáis Éireann, Grúpa BSL agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann) chun gur féidir maoiniú a chinntiú i gcomhair 50 tionscadal taighde ar luach €11 milliún. Sheol SEAI bunachar sonraí taighde fuinnimh náisiúnta nua freisin chun infheistíocht phoiblí i dtaighde fuinnimh a rianú agus comhoibriú a threisiú. Ag deireadh na bliana d'óstáil SEAI, i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an chéad Chomhdháil Taighde Fuinnimh agus Beartais Náisiúnta, a dhírigh ar earnáil leictreachais na hÉireann a athrú ó bhonn.





€11m

**Tharraing SEAI trí chomhpháirtí chómhaoinithe nua straitéiseacha isteach le haghaidh 2019 chun gur féidir maoiniú a chinntiú i gcomhair 50 tionscadal taighde ar luach €11 milliún**

# Feidhmeanna tarmligthe

D'fhág an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil freagracht faoi SEAI i réimsí na Scéime Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh agus an Fhaireachais Margaidh i gcomhair lipéadú fuinnimh agus éici-dhearaidh.

## SCÉIM OIBLEAGÁIDE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Éilíonn an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh go soláthróidh gach soláthraí mór fuinnimh coigiltis ó gach earnáil úsáide fuinnimh deiridh. Is é SEAI an riarthóir scéime, ag tuairisciú don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Is é ár ról na spriocanna don scéim a mheas, monatóireacht agus deimhniú a dhéanamh ar na coigiltis a chuireann Páirtithe Oibleagáide isteach, leithdháileadh creidmheasa fuinnimh agus monatóireacht a dhéanamh ar a ngéilleadh do riachtanais na scéime.

Sholáthair an scéim 4,057GWh de choigiltis éifeachtúlachta fuinnimh sa tréimhse idir 2014 agus 2019, bhain 790GWh de sin le 2019 amháin. Is coigilteas airgeadais athfhillteach é seo de thart ar €37 milliún in aghaidh na bliana agus is ionann é agus laghdú $CO_2$ de thart ar 180 cileagram tonaí.

Is áisitheoir fíorthábhachtach de choigiltis fuinnimh í an scéim maidir le mór-úsáideoirí fuinnimh thionsclaíochta. In 2019 d'oibrigh Páirtithe Oibleagáide le cuideachtaí comhalta líonra fuinnimh tionscal mór chun coigiltis de bhreis agus 370GWh a bhaint amach. Bhain cuideachta amháin dá samhail, próiseálaí mór bia, coigiltis de 32GWh amach trí choirí gaile gáis ardéifeachtúlachta a chur isteach in ionad coirí ola breosla throim dá gcórais uisce gaile agus fhuaraithe.





4,057GWh

**Sholáthair an scéim 4,057GWh de choigiltis éifeachtúlachta fuinnimh sa tréimhse idir 2014 agus 2019**

€37m

**Is coigilteas airgeadais athfhillteach é seo de thart ar €37 milliún in aghaidh na bliana agus is ionann é agus laghdú $CO_2$ de thart ar 180 kT**

**" Éilíonn an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh go soláthróidh gach soláthraí mór fuinnimh coigiltis ó gach earnáil úsáide fuinnimh deiridh. "**

100+
**Rinne SEAI iniúchadh ar bhreis agus 100 ionad díola chun a gcomhlíonadh Rialú Lipéadaithe Fuinnimh a mheasúnú**

87%
**Bhí 87% de na 23,100 táirge a ndearnadh iniúchadh orthu comhlíontach, méadú suntasach ar an mbliain roimhe sin, agus an leibhéal is airde maidir le comhlíonadh go dtí seo**

31
**Thug SEAI faoi mheasúnuithe mionsonraithe maidir le comhlíonadh i dtaobh breis agus 100 táirge agus 31 táirge a ndearnadh tástáil saotharlainne orthu, ag gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar roinnt samplaí de neamhchomhlíonadh na rialacha**



## ÚDARÁS FAIREACHAIS FUINNIMH

Tacaíonn SEAI leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ina ról mar Údarás Faireachais Fuinnimh do Threoir Éici-dheartha an AE, agus rialacháin lipéadaithe boinn agus fuinnimh an AE.

Le linn 2019, Rinne SEAI iniúchadh ar bhreis agus 100 ionad díola chun a gcomhlíonadh Rialú Lipéadaithe Fuinnimh a mheasúnú. Bhí 87% de na 23,100 táirge a ndearnadh iniúchadh orthu comhlíontach, méadú suntasach ar an mbliain roimhe sin, agus an leibhéal is airde maidir le comhlíonadh go dtí seo. Leathnaíodh an ghníomhaíochta faireachais freisin chun raon leathan táirgí a chuimsiú lena n-áirítear teas, téamh breosla sholadaigh, caidéil athfhillteacha, soilsiú, gléasanna cuisniúcháin, agus boinn. Thug SEAI faoi mheasúnuithe mionsonraithe maidir le comhlíonadh i dtaobh breis agus 100 táirge agus 31 táirge a ndearnadh tástáil saotharlainne orthu, ag gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar roinnt samplaí de neamhchomhlíonadh na rialacha. Forbairt thábhachtach eile ba ea sruth oibre Custam nua a bhunú a sheiceálfaidh a chomhlíontaí agus atá táirgí a thagann chuig Éirinn ó áiteanna lasmuigh den AE. Cabhróidh sé seo leis na rioscaí a bhaineann le Breatimeacht a laghdú.

# Buaicphointí 2019

## EANÁIR




**D'fhreastail 600 duine ar an tríú comhdháil earnála poiblí de chuid SEAI in UCD** a bhí dírithe ar an earnáil phoiblí a spreagadh chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Rialtais de 33% a shárú faoi 2020.

## MÁRTA

**Tá maoiniú €6 mhilliún ar fáil trí SEAI EXEED** do thionscadail a sholáthraíonn an cleachtas is fearr maidir le foirgnimh a dhearadh, a thógáil agus a bhainistiú i gcomhair sáréifeachtúlacht fuinnimh.

**Buann Xylem Water Solutions gradam Táirge Seó** ag Seó Fuinnimh SEAI a bhí ar siúl sa RDS.



## AIBREÁN



**Treoraíonn SEAI tionscadal Eorpach €2.6 milliún** chun lánleas a bhaint as poitéinseal fuinnimh aigéin. Spreagfaidh Líonra Nuálaíochta Cumhachta Aigéin comhoibriú idir earnáil an fhuinnimh aigéin agus earnálacha eile.

## BEALTAINE

**Coláiste Ard Feá i Muineachán** a rug an gradam scoile ab airde abhaile leis i mBabhta Ceannais Náisiúnta Smaoineamh Maith Amháin.



## MEITHEAMH



**Cuirtear tús leis an dara céim de Scéim Tacaíochta Teasa In-athnuaite** ag soláthar tacaíocht oibríochta do choirí bithmhaise agus do chórais teasa díleá anaeróbaigh.



**Faomhadh tionscadal gaoithe ar snámh amach ón gcósta 31 milliún,** lena mbaineann SEAI agus comhpháirtithe Eorpacha. Tionscadal ceithre bliana a bheidh ann ina ndéanfar tástáil ar ghaireas lánscála amach ó chósta Mhaigh Eo.


**Tairgeadh maoiniú €25 milliún** do 57 tionscadal pobail ar fud na hÉireann.



**Fógraíodh go mbeadh €11m ar fáil do thaighde fuinnimh** ar thús cadhnaíochta ag an gcéad chomhdháil Taighde agus Beartais Fuinnimh Náisiúnta.

| IÚIL | LÚNASA | DEIREADH FÓMHAIR | SAMHAIN | NOLLAIG |
|---|---|---|---|---|

**Tugann tuarascáil Fuinneamh In-athnuaite in Éirinn** le fios gur tháinig 10% d'fhuinneamh iomlán na hÉireann ó fhoinsí in-athnuaite in 2017.




**Beireann OÉ Gaillimh** an gradam is airde Foireann Fuinnimh In-athnuaite na Bliana abhaile léi ag Gradaim Fuinnimh bhliantúla SEAI.






**Tugann an gaireas fuinnimh gaoithe a chruthaigh Ocean Energy Teo,** a maoiníodh trí SEAI faoi thimthriall tástála bliana in Hawaii, SAM.



# RIALÚ

Soláthraímid fianaise láidir don
**rialtas chun eolas a chur ar fáil faoi bheartas fuinnimh**



# Tuairisc Éifeachtúlachta Fuinnimh

In 2019, bhog SEAI a cheannáras i mBaile Átha Cliath chuig bloc oifigí nua A3 BER-aicmithe. 2019 ba ea an chéad bhliain iomlán ghníomhaíochta freisin do charranna lánleictreacha SEAI a bhíonn á n-úsáid ag an bhfoireann i gcomhair taisteal gnó.

Mhéadaigh SEAI a ídiú iomlán fuinnimh circa 30%. is éard ba chúis leis seo go príomha ná méadú 60% ar fhuinneamh SEAI a bhí bainteach le hiompar in 2019 i gcomparáid le 2018 agus méadú suntasach ar ídiú leictreach agus teirmeach SEAI ina n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Mhéadaigh SEAI astaíochtaí $CO_2$ atá bainteach le fuinneamh circa 6%, atá níos ísle ná an méadú ídithe fuinnimh de bharr déine carbóin níos ísle maidir le leictreachas eangaí, agus go bhfuarthas feithiclí leictreacha i bpáirt in ionad an chairr hibridigh.

Cé gur tháinig méadú ar ídiú absalóideach fuinnimh, os a choinne sin ba mhó an méadú go comhréireach ar achar urláir a bhí in úsáid i ndiaidh do SEAI bogadh chuig oifigí nua i mBaile Átha Cliath i bPlás na dTrí Pháirc i lár Dheireadh Fómhair 2019. Tá an bloc oifigí nua seo deartha de réir aicmiú A3 BER agus bhain sé deimhniú platanaim LEED amach. Mar thoradh ar an mbogadh bhí méadú 136% ar an achar urláir a bhí in úsáid ag SEAI i mBaile Átha Cliath. Dá bharr sin, tháinig méadú tuairim is 45% san oifig i mBaile Átha Cliath go speisialta ar fhuinneamh leictreach agus ídiú gáis, fiú amháin sa tréimhse ghairid ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2019.

Rinne laghduithe ar ídiú fuinnimh ar fud oifigí Dhún Dealgan, Chorcaí agus Shligigh cúiteamh ar an méadú foriomlán seo. Tháinig méadú ar fhuinneamh atá bainteach le hiompar, de bharr gurbh í 2019 an chéad bhliain iomlán ina raibh dhá fheithicil chuideachta leictreacha nua SEAI in úsáid ó tharla gur ceannaíodh iad i samhradh 2018. 2019 ba ea an chéad bhliain a raibh flít lánleictreach ag SEAI nuair a díoladh a bhfeithicil chuideachta roimhe seo (Toyota Prius Hybrid) i samhradh 2018. Nuair a bhíonn na feithiclí leictreacha seo in úsáid ag an bhfoireann, is iondúil go ndéanann siad cúiteamh ar úsáid feithicle astaíochtaí níos airde trí úsáid feithicle príobháidí nó tacsaí.

I ndiaidh athlonnú oifig SEAI i mBaile Átha Cliath, tá 2,944 m2 de spás oifige á úsáid againn i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i Sligeach ar méadú 84% é ar fhigiúirí 2018. Is spásanna ar fholéas laistigh d'fhoirgnimh níos mó iad na hoifigí go léir. Déantar achoimre ar úsáid fuinnimh maidir leis na ceithre oifig agus fheithicil chuideachta sa tábla thíos agus is cuid de scóip agus de theorainneacha Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO50001 SEAI é.

Bhain SEAI deimhniú chuig Caighdeán Idirnáisiúnta ISO50001 amach den chéad uair i Meán Fómhair 2016 agus rinneadh é sin a athdheimhniú an uair dheiridh in Iúil 2019. Beidh gá le fócas méadaithe chun feidhmíocht fuinnimh leanúnach a chinntiú go háirithe anois ó bhogamar go Plás na dTrí Pháirc a bheidh mar 70% de phróifíl iomlán fuinnimh SEAI amach anseo.

**Tá an bloc oifigí nua seo deartha de réir aicmiú A3 BER agus bhain sé deimhniú platanaim LEED amach.**


| Úsáid Fuinnimh | 2018 | 2019 |
|---|---|---|
| Achar urláir iomlán a bhí in úsáid faoi dheireadh na bliana tuairiscithe: | 1,598m$^2$ | 2,994m$^2$* |
| **ÍDIÚ DÍREACH D'OIFIGÍ AGUS CARRANNA I BPÁIRT** | | |
| Soilsiú leictreach, ICT, Cumhacht oifige, Aerú Teasa & Aerchóiriú<br>2 x feithicil leictreach a ceannaíodh in 2018 + 3 x pointí luchtaithe feithicle leictrí (kWh TFC) | 127,613 | 153,805 |
| Gás nádúrtha i gcomhair teasa (kWh TFC) | 82,973 | 128,890 |
| Ola gáis marcáilte i gcomhair Teasa (kWh TFC) | 11,094 | 8,391 |
| Peitreal i gcomhair carr i bpáirt (kWh TFC) | 3,948 | 0 |
| **Iomláin i gcomhair Ídiú Díreach (kWh TFC)** | **225,628** | **291,086** |
| **Astaíochtaí $CO_2$ (kg)** | **82,570** | **87,853** |

* ó Dheireadh Fómhair 2019

## Gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh atá beartaithe i gcomhair 2020

1. **Iniúchadh ath-dheimhniúcháin ISO50001 go dtí athbhreithniú ar chaighdeáin (ISO 50001:2018) le críochnú in 2020**
2. **Athbhreithniú fuinnimh le críochnú ar spás oifige nua i bPlás na dTrí Pháirc agus optamú rialtán BMS, cumraíocht soilsithe agus feidhmíocht fuinnimh HVAC le cinntiú**
3. **Oiliúint feasachta fuinnimh le críochnú i measc gach comhalta foirne SEAI**

### ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ (KG)



# Freagracht Shóisialta Chorparáideach in SEAI

Cuireann SEAI Freagracht Shóisialta Chorparáideach chun cinn agus i bhfeidhm go gníomhach, ag leibhéal eagraíochtúil agus mar chuid den phlé lenár bpáirtithe leasmhara.

Tá SEAI paiseanta faoi dhaoine agus féachaimid le dea-thionchar a imirt ar an tsochaí, ar fhostaithe, ar pháirtithe leasmhara agus ar an timpeallacht.

Tá ceithre chrann taca a bhaineann le Freagracht Shóisialta Chorparáideach faoinar leagamar ár ngníomhaíochtaí amach.

1. **An Pobal**: Caidreamh le Comhpháirtithe agus Eagraíochtaí Pobail
2. **An Timpeallacht**: Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil Acmhainní
3. **An Margadh**: Cinntí Tráchtála Freagracha le Soláthraithe agus Custaiméirí
4. **An tIonad Oibre**: Ag Tacú agus ag Dul i mbun Teagmhála le Fostaithe

## CAD A BHAINEAMAR AMACH GO DTÍ SEO I NGACH CEANN DE RÉIMSÍ NA GCRANN TACA

### 1 An Pobal

- **Socrúcháin agus intéirneachtaí ollscoile bliantúla.**
- **Tiomsú airgid carthanachta (Ar na grúpaí a fuair cúnamh tá Cumann Galair Néarón Luadrach na hÉireann, Fócas Éireann, Iontaobhas Madraí agus Teach Pieta).**
- **Ar na tionscnaimh phobail tá Paráid Bhróid Bhaile Átha Cliath agus glanadh suas deonach Chairde na Canála.**

### 2 An Timpeallacht

**Is tionscnamh atá treoraithe ag fostaithe í Foireann Ghlas SEAI chun cleachtais inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn inár n-oifigí. San áireamh sna Príomhghnóthachtálacha tá:**

- **Ceannach - páipéar priontála athchúrsáilte, málaí tae inmhúirínithe, laghdú ar earraí plaisteacha a cheannaítear (cupáin agus suaitheantais ainm), agus taighde ar bheartais ghlasa soláthraithe.**
- **Cupáin phlaisteacha uisce a bhaint.**
- **Leabharlann comhroinnte leabhar i measc fostaithe.**
- **Dramhaíl bia agus ceardlanna athchúrsála.**
- **Tuairisciú agus grafaic faisnéise dramhaíola cuideachta.**
- **Cupáin chaife, sceanra agus coimeádáin bhialainne gasta inmhúirínithe a thabhairt isteach.**
- **Scaradh dramhaíola oifige.**
- **Tionscnaimh Ionaid Oibre Níos Cliste chun spreagadh d'fhostaithe dul ag siúl agus rothaíocht.**
- **Oifig gan pháipéar a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta.**
- **In 2019, bhog SEAI a cheannáras chuig bloc oifigí nua A3 BER-aicmithe. 2019 ba ea an chéad bhliain iomlán ghníomhaíochta freisin do dhá charr lánleictreacha de chuid SEAI a bhíonn á n-úsáid ag an bhfoireann i gcomhair taisteal gnó.**

**Tá SEAI paiseanta faoi dhaoine agus féachaimid le dea-thionchar a imirt ar an tsochaí, ar fhostaithe, ar pháirtithe leasmhara agus ar an timpeallacht.**

3

## An Margadh

- Tá tábhacht ar leith ag baint le soláthar ócáide inbhuanaithe dár mórócáid bhliantúil a n-úsáidimid seicliosta beart timpeallachta ó ionaid phoitéinsiúla anois lena haghaidh.
- Ceannach trealaimh ICT atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, a chuireann caighdeáin timpeallachta, éifeachtúlachta fuinnimh agus fuaraithe san áireamh.
- Tugadh faoi athbhreithniú cumarsáide custaiméirí in go leor codanna den eagraíocht agus is próiseas leanúnach é chun seirbhís níos fearr a chinntiú. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú ar ár suíomh gréasáin, próiseas iarratais, agus cairt custaiméirí.

4

## An tIonad Oibre

- Foilsíodh Straitéis Ionchuimsithe agus Éagsúlachta 2019-2021. Treoróidh cúig choiste Ionchuimsithe agus Éagsúlachta, a mbeidh fostaithe ina mbun, a cur i bhfeidhm.
- Oiliúint Chlaontachta Neamh-chomhfhiosaí agus Feasachta Cultúrtha, Iúil 2019.
- Seachtain Shláinte agus Sábháilteacht an Fhostaí agus gníomhaíochtaí leanúnacha lena n-áirítear coiste sláinte agus sábháilteachta a bhunú, agus Oiliúint CPR agus gharchabhrach a chur ar fáil.
- Scagthástáil Sláinte an Fhostaí agus cúnamh folláine do gach fostaí.
- Is tionscnamh a bhfuil fostaithe SEAI ina bhun Na Mná i bhFuinneamh (WIE) a thacaíonn le agus a spreagann rannpháirteachas na mban laistigh den earnáil fuinnimh.
- Thug an fhoireann breis agus 17 milliún céim mar chuid de Dhúshlán Céime Réthaistil na hEorpa.
- Tá an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus an Scéim Coigiltis Chánach um Iompar Poiblí ar fáil do chách.
- Is féidir le fostaithe úsáid a bhaint as an bhfeithicil chuideachta leictreach maidir le taisteal a bhaineann le gnó a laghdaíonn astaíochtaí agus a chuireann ar son a dtairbhe.

# Rialachas Corparáideach

Leagtar Ráiteas Rialachais foriomlán agus Tuarascáil Comhaltaí Boird SEAI amach, de réir mar is gá de réir an Chóid Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2016 sna Ráitis Airgeadais i gcomhair 2019 iniata.

## DEIMHNIÚ RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH 3000 SWIFT/ MEASÚNACHT SHEACHTRACH

In Aibreán 2011, ba é SEAI an chéad eagraíocht san Eoraip, bíodh sé poiblí nó príobháideach, ar bronnadh deimhniú uirthi faoi chaighdeán an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) de chuid SWiFT 3000. Baineann an caighdeán seo leis an gCód Cleachtais do mheasúnacht Rialachais Chorparáidigh in Éirinn. Is é an cuspóir ná measúnú a dhéanamh ar chreataí eagraíochta rialachais chorparáidigh agus leibhéal comhlíontachta go sonrach ó eagraíochtaí le cóid rialachais agus dea-chleachtais. Cuireadh athbhreithniú eile ar ghéilliúlacht SEAI do riachtanais SWiFT 3000 i bhFeabhra 2018 agus chloígh SEAI lena dheimhniú. Leanann SEAI ar aghaidh, mar sin, leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh a sholáthar de réir dea-chleachtais. Tá measúnacht bhreise SWiFT 3000 le bheith ar siúl le linn 2020.

Is éard a bhí i bpróiseas measúnachta SWIFT 3000 ná athbhreithniú cuimsitheach seachtrach ar struchtúir, próisis, nósanna imeachta agus ábhar Bhord SEAI lena n-áirítear comhlíonadh reachtaíocht SEAI, Creat Chód Rialachais SEAI, Dearbhuithe Leasa ó chomhaltaí Boird, oibriú Coistí Boird. Rinneadh an t-athbhreithniú deiridh le linn 2018 bunaithe ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a eisíodh i Lúnasa 2016 a chomhlíonadh.

## RIALÚ

Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana an phríomhfhoinse do SEAI maidir le rialachas corparáideach, tá ceangal ar an eagraíocht raon riachtanais reachtúla agus riaracháin (Náisiúnta agus AE) a chomhlíonadh. Deimhníonn SEAI gur chloígh sé lena dhualgais chun na riachtanais seo a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun comhlíonadh sainriachtanas a chinntiú:

## Riachtanais Riaracháin agus Beartais Ghinearálta

Ag leibhéal náisiúnta, oibríonn SEAI go dlúth leis na hoifigigh ábhartha ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil agus oifigigh ó Ranna Rialtais agus áisíneachtaí stáit eile, chun a chuspóirí a chur chun cinn agus chun comhlíonadh riachtanais reachtúla, riaracháin agus Aireachta / Rialtais a chinntiú. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn SEAI go dlúth le háisíneachtaí stáit eile agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí chun beartas agus tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt go réamhghníomhach. Tá sé seo mar thaca leis an gcuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go mbeidh SEAI lárnach maidir le geilleagar ísealcharbóin a thabhairt i bhfeidhm trí bhearta agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos cliste agus níos inbhuanaithe. Déantar an obair agus an idirghníomhaíocht seo de réir treoracha éagsúla beartais a d'eisigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil.

## An Cód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit Rialtais

I Meán Fómhair 2016, ghlac Bord SEAI go foirmiúil le Cód Cleachtais leasaithe na gComhlachtaí Stáit Rialtais, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Cuireann SEAI treoracha eolais ar fáil do chomhaltaí Boird i dtaobh riachtanais an Chóid agus rinne sé socruithe maidir le gníomhaíochtaí, nósanna imeachta agus tionscnaimh chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Mar a luaitear thuas, déantar SEAI a mheasúnú ar a chomhlíonadh leis an gCód faoi phróiseas deimhniúcháin SWiFT 3000. Anuas air sin, tá Creat Cóid Rialachais iomlánaíoch dá chuid féin ag SEAI don eagraíocht, a chuimsíonn riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord SEAI athbhreithniú ar an gCreat Cóid Rialachais ar bhonn bliantúil agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin SEAI www.seai.ie.

Ina fhianaise sin, dearbhaíonn SEAI comhlíonadh na gcodanna seo a leanas den Chód Cleachtais;

## Cuid 1: Ról an Bhoird

### CUID 1.2: CAIGHDEÁN EITICIÚLA

Mar atá luaite thuas, i gcomhar le hardbhainistíocht SEAI tá Creat Cód Rialachais ar leith forbartha ag Bord SEAI. Leagann sé síos na struchtúir agus nósanna imeachta cuí chun a chinntiú go bhfuil na socruithe rialachais agus freagrachta san Údarás láidir agus éifeachtúil. San áireamh sa Chreat seo tá Cód Iompair Gnó le haghaidh chomhaltaí an Bhoird, an t-iompar atá ag teastáil ag cruinnithe an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí an Bhoird agus do chomhaltaí foirne ainmnithe an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh ar bhonn bliantúil freisin.

### CUID 1.7: CÚRSAÍ LE CINNEADH AG AN MBORD

Tá Sceideal Cúrsaí foirmeálta faofa ag Bord SEAI maidir le cúrsaí faoi leith atá le cinneadh aige, chun a chinntiú go bhfuil treo agus rialú an chomhlachta go daingean ina lámha acu.

### CUID 1.11: COIMHLINT LEASA

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag Bord SEAI chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar choimhlint leasa a d'fhéadfadh tarlú i measc an lucht bainistíochta agus comhaltaí Boird.

### CUID 1.14: NOCHTADH COSANTA

Ag cruinniú ar an 1 Márta 2017, d'fhaomh Bord SEAI Cairt Sceithire leasaithe, a chuimsíonn na riachtanais nua a eascraíonn ón Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Déantar athbhreithniú air seo ar bhonn bliantúil mar chuid den athbhreithniú ar Chreat Rialachais an SEAI.

### CUID 1.17: RÁITEAS STRAITÉISE

Tá Bord an SEAI tar éis glacadh le Ráiteas Straitéise don tréimhse 2017 -2021. Tá próiseas comhsheasmhach comhaontaithe ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar nuashonruithe ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo. Tá an Straitéis seo le fáil ar shuíomh gréasáin SEAI www.seai.ie.

## Cuid 6: Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais SEAI go bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil iad mar aon le Tuarascáil Bhliantúil SEAI i gcomhlíonadh an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Cuimsíonn sé seo scrúdú bliantúil ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh. Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha seo isteach faoi réir na riachtanais atá leagtha amach in Alt 1.9 de riachtanais Ghnó agus Airgeadais an Chóid leasaithe. Chuige seo, deimhníonn SEAI go gcomhlíonann sé beartas an Rialtais maidir le híocaíocht iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus íocaíocht comhaltaí foirne eile faoi réir na socruithe a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Lena chois sin, comhlíonann SEAI na treoirlínte a chlúdaíonn íocaíocht táillí le Cathaoirligh agus Stiúrthóirí / comhaltaí Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Aire Airgeadais. Leagtar sceideal an Bhoird maidir le táillí agus costais le haghaidh Comhaltaí Boird amach sa Ráiteas Rialachais.

**CORPORATE GOVERNANCE** – CONTINUED

## Cuid 7: Bainistiú riosca agus Rialuithe Inmheánacha

### CUID 7.1: BAINISTIÚ RIOSCA

Tá beartas cuimsitheach maidir le measúnú agus bainistiú riosca forbartha ag SEAI agus tá an creat ginearálta le haghaidh bainistiú riosca faofa ag an mBord. Tá meicníochtaí cuí bunaithe ag Bord an SEAI agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go hiomlán agus go ndéanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar a éifeachtúlacht.

### CODANNA 7.4: ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Déanann SEAI córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Déanann na hiniúchóirí inmheánacha seachfhoinsithe athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus is mar sin a bhí an cás i leith 2019. Cuireadh na riachtanais nua maidir leis an athbhreithniú seo, mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i bhfeidhm i leith 2019. Tá an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus ar an Ráiteas ar an Rialú Inmheánach (SIC) a ghabhann leis don bhliain 2019 faofa ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca SEAI agus ag an mBord. "Tá an t-athbhreithniú deimhnithe sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil." Ina theannta sin, tá ráiteas an Chathaoirligh ar rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach Leathanach 44).

### CUID 7.7: INIÚCHADH INMHEÁNACH

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh seanbhunaithe ag SEAI de réir na bprionsabal a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil aige atá faofa ag an mBord.

### CUID 7.12: COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ RIOSCA

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca seanbhunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha faoi leith aige, atá faofa ag an mBord agus ar a ndéantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

## Cuid 8: Máthair-Roinn agus ról Maoirseachta

### CUID 8.4: COMHAONTUITHE MAOIRSEACHTA

Tá Comhaontú foirmiúil i dtaobh Maoirseachta agus Feidhmiú/ Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus SEAI, a ndéantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil.

### CUID 8.16 NÓSANNA IMEACHTA DO SHOLÁTHAR

Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí ag SEAI, a chomhlíonann na tairseacha reatha luachanna chun rialacha náisiúnta agus an AE a chur i bhfeidhm. Is buan-nós imeachta é an córas tairiscintí iomaíocha sa phróiseas seo.

### CUID 8.44: COMHLÍONADH CÁNACH

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, sa litir leithleach a cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, gur chomhlíon SEAI a dhualgais faoin dlí cánach.

### Treoirlínte um Breithmheas agus Bainistiú ar Thograí Caiteachais Chaipitiúil

Tá nósanna imeachta láidir sheanbhunaithe i bhfeidhm ag SEAI chun breithmheas agus bainistiú a dhéanamh ar Thograí Caiteachais Chaipitiúil faoi na cláir Caipitil (deontais).

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá SEAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus is tosaíocht sheanbhunaithe é an comhionannas san eagraíocht. Tá clár forásach comhionannais agus éagsúlachta ag SEAI agus tá roinnt scéimeanna ar bun ann a thugann deiseanna don fhoireann maidir le riachtanais foirne agus gairme a bhaint amach, lena n-áirítear an tsaoire staidéir agus cláir oideachasúla srl. Éascaíonn Próiseas Pleanála Feidhmíochta agus Fáis de chuid SEAI an fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil freisin. Cuireann SEAI luach ar an éagsúlacht agus déanann sé tréaniarracht bheith ina fhostóir comhionannais a spreagann rannpháirtíocht phearsanta agus a chuireann luach ar dhifríochtaí.
Tá SEAI tiomanta do thimpeallacht chothrom oibre / saoil a fhorbairt agus a chothabháil don fhoireann go léir.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann an tAcht seo, a ionadaíonn forálacha an Achta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair 1988, an dlí a bhí ann cheana féin a chomhdhlúthú agus a uasdátú. Leanann SEAI air le bearta a dhéanamh chun sábháilteacht agus leas na n-oibrithe agus na gcuairteoirí go léir a chosaint, agus feasacht a spreagadh laistigh dá oifigí chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo leis na hAchtanna um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 agus 2004 chomh maith.

### Cairt Custaiméirí

Tá Cairt Custaiméirí foilsithe ag SEAI, a leagann amach a thiomantas do sheirbhís d'ardchaighdeán. San áireamh sa Chairt seo tá nós imeachta chun déileáil le gearáin, más ann dóibh. In 2019, fuarthas 61 gearán faoin gCairt seo. Tá sé seo le fáil freisin ar www.seai.ie.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann SEAI faoi chúram an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002. Is polasaí é de chuid SEAI cinnte a dhéanamh de go n-íoctar gach sonrasc gan mhoill. Tá gnáthaimh i bhfeidhm, áfach, a chinntíonn go n-íoctar ús déanach ar riaráistí, más gá.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Faoi réir na nAchtanna thuasluaite, cuireann comhaltaí Bhord SEAI Ráitis Leasa chomhlánaithe faoi bhráid an Rúnaí gach bliain i gcomhlíonadh fhorálacha an Achta. Lena chois sin, comhlíonann comhaltaí foirne SEAI a bhfuil poist ainmnithe acu an dá Acht.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasaithe) 2003

Is comhlacht forordaithe é SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus comhlíonann sé go hiomlán na riachtanais a leagtar amach sna hAchtanna. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoi na hAchtanna a chur chuig an Oifigeach FOI, SEAI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 & 2004 / GDPR

Tá SEAI cláraithe mar Rialtóir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann cosaint sonraí le bunchearta daoine maidir le príobháideachas a chosaint agus le smacht a choimeád ar an mbealach a n-úsáidtear a bhfaisnéis phearsanta.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá SEAI laistigh de théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a tháinig i bhfeidhm ar 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a sholáthar le seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar. Faoi réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna.



# AIRGEADAS

Soláthraíonn éifeachtúlacht fuinnimh tairbhí

**geilleagracha agus fostaíochta intomhaiste**



# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

**Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019**

Bunaíodh Bord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus cuireadh tús leis ar 1 Bealtaine 2002. Rinneadh leasú breise ar an Acht leis an Acht um Fhuinneamh 2016.

Leagtar feidhmeanna an Údaráis amach in Alt 6 d'Acht 2002. Tá an Bord freagrach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus tá sé freagrach as cinntiú go mbeidh dea-rialachas ann, agus téann sé i mbun an chúraim seo trí aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Tá an ghnáthbhainistíocht laethúil, mar aon le smacht ar an treo ina bhfuil SEAI ag dul, faoi chúram an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) agus na foirne ardbhainistíochta. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach a leagann an Bord síos a leanúint, agus ní mór dóibh cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhoird maidir leis na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann le SEAI, agus le riosca suntasach ar bith a d'fhéadfadh bheith ann. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht SEAI.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Leagtar ról leathan an Bhoird amach in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus tá sonraí faoi na freagrachtaí níos sainiúla atá ar an mBord, ar bhonn aonair nó ar bhonn corparáideach, le fáil i gCreat an Chóid Rialachais, a ndéantar é a fhaomhadh ar bhonn bliantúil agus atá le fáil ar shuíomh Gréasáin SEAI (www.seai.ie). Sa cháipéis seo freisin tá na nithe a bhfágtar go sonrach faoin mBord chun cinneadh a dhéanamh ina leith agus na míreanna seasta atá le meas ag an mBord lena n-áirítear:

- Riachtanais maidir le Córam agus le Fógairt Leasa
- Miontuairiscí an chruinnithe deiridh a Fhíorú
- Ceisteanna a thagann chun cinn agus Gníomhphointí gaolmhara
- Tuarascáil an Chathaoirligh
- Tuarascáil an POF
- Tuarascálacha Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- Forbairt Straitéiseach SEAI agus tuarascálacha feidhmiúcháin
- Tograí deontais agus soláthair a mheas, faoi réir an údaráis tarmligthe faofa
- Tuarascálacha Fochoistí a mheas
- Athbhreithniú ar Riosca Corparáideach /Bainistiú Riosca
- Rialachas agus ceisteanna forchoimeádta

Cuireann Alt 24 (2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 ceangal ar an Údarás cuntais chuí a choimeád d'aon airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, i cibé foirm a d'fhéadfadh an tAire a fhaomhadh, le toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cuntais airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór do Bhord SEAI:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin más míchuí a mheas go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú; agus
- A lua cibé acu a cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid cuntas leordhóthanacha a choimeád, ina nochtar, le cruinneas réasúnach, ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Tá freagracht ar an mBord as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fail ar shuíomh Gréasáin an SEAI.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht SEAI faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil i Nollaig 2019 agus in Eanáir 2020.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus dá bharr sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus aon mhírialtacht eile a sheachaint. Tá Beartas Frith-Chalaoise sonrach faofa ag Bord SEAI.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais SEAI le haghaidh 2019 léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais SEAI ar 31 Nollaig 2019.

## BOIRD AGUS COISTÍ SEAI 2019

### Struchtúr an Bhoird

Ceapann an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil comhaltaí Boird, le toil an Aire Airgeadais, faoi réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002, arna leasú ag an Acht um Fhuinneamh 2016. Nuair a cheaptar comhaltaí nua, cuirtear faisnéis fhairsing ar fáil dóibh maidir leis an ngníomhaireacht agus a hoibríochtaí. Tá 12 chomhalta ar Bhord SEAI. Ainmníonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil comhalta amháin (seachas an Príomhfheidhmeannach) den Bhord ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhse 5 bliana agus is féidir iad a athcheapadh.

Oibríonn Bord SEAI de réir prionsabail dea-chleachtais i dtaobh rialachas corparáideach i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá próiseas ionduchtúcháin agus forbartha atá oiriúnach agus cuimsitheach i bhfeidhm le haghaidh comhaltaí Boird.

Tá an Bord freagrach as an gcroí-straitéis agus as beartais don eagraíocht a shocrú. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánach, agus as próisis agus gnáthaimh a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go bhfuil an córas éifeachtach. Baineann sé na feidhmeanna seo amach go díreach agus trí Choistí Boird sonracha a fheidhmiú faoi réir Téarmaí Tagartha faofa. Tá freagracht ar bhainistíocht feidhmiúcháin SEAI as beartas a chur i bhfeidhm.

Feidhmíonn an Bord faoi réir na bhforálacha a leagtar amach do Bhord an Údaráis san Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. I gcomhréir le forálacha an Achta, leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, agus leis an gCód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá ceangal ar chomhaltaí Boird SEAI Ráiteas Coimhlinte Leasa a chur ar aghaidh gach bliain chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus chuig Rúnaí an Bhoird.

In Eanáir 2020, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a ghníomhaíochtaí, oibríochtaí agus torthaí le haghaidh 2019. Tá stádas SWiFT, ar iniúchadh agus measúnú neamhspleách é de chuid iniúchóirí NSAI ar nósanna imeachta rialaithe chorparáidigh agus comhlíonadh an Chóid Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit Rialtais, ag SEAI i gcónaí.

## BORD SEAI 2019



### Julie O'Neill
Cathaoirleach

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015*

Tá Julie ina dílseánach ar Join the Dots, comhlacht bainistíochta comhairleoireachta straitéiseach neamhspleách. Bhí sí ina hArd-Rúnaí ar an Roinn Iompair ó 2002 go dtí 2009, agus, le linn a saoil oibre sa tseirbhís phoiblí, d'oibrigh sí in ocht Roinn Rialtais. Is comhalta boird í ar Ryanair, Permanent TSB agus Axa Life Europe. Tá MSc san Anailís Beartais aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus B. Comm ó UCD. Bhí sí ina comhalta ar Bhord SEAI roimhe seo ó Mheán Fómhair 2011 go dtí Meán Fómhair 2014.



### Jim Gannon
POF De Bhrí Oifige

*Ceaptha an 23 Bealtaine 2016 – imithe ar scor an 27 Meán Fómhair 2019*

Tá céim ag Jim san Innealtóireacht ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Máistreacht sa Mheasúnú Comhshaoil ó Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth, agus MBA ó Scoil Ghnó Smurfit in UCD. Chaith sé a shaol oibre san earnáil fuinnimh, ag seachadadh tionscadal ag leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach d'eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus phoiblí. Ina measc bhí tionscadail san fhuinneamh in-athnuaite agus gnásúil, infreastruchtúr tarchuir agus dáilte, bainistiú ar éileamh fuinnimh agus forbairt teicneolaíochta.



### Michael McGarry

*Ceaptha an 14 Bealtaine 2013 – imithe ar scor an 1 Bealtaine 2016 agus athcheaptha an 3 Deireadh Fómhair 2016 agus imithe ar scor ag deireadh an téarma ar an 2 Deireadh Fómhair 2019*

Tá Michael páirteach i bhfoirgníocht agus i sainchomhairleoireacht maidir le soláthar seirbhísí innealtóireachta thar lear. Roimhe seo bhí sé ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le Suir Engineering (Imtec Suir anois) agus bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais le Kentz Corporation i gCluain Meala. Sa ról seo, nuair a cuireadh tús le hoibríochtaí thar lear, chaith sé cuid mhaith ama thar sáile i mbun na hoibríochtaí sin a bhainistiú. Chaith sé seal sa Ríocht Aontaithe freisin ag obair san fhoirgníocht chónaitheach. Tá céim BComm aige ón gColáiste Ollscoile, BÁC, agus bhain sé cáilíocht amach mar Chuntasóir Cairte le KPMG.



### Dr Peter Brennan

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018*


Is Stiúrthóir Bainistíochta é Peter ar EPS Consulting, comhairleoireacht taighde um beartas poiblí, agus tá sé ina Chathaoirleach ar Bid Management Services, an comhlacht comhairleach is mó sa tír ó thaobh tairisceana agus soláthair. Tá spéis agus saineolas faoi leith aige san athrú aeráide agus san fhuinneamh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Taighde um Athrú Aeráide an IEA ó 2007 go 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir ar Chomhchoiste an Oireachtais ar an Athrú Aeráide agus Fuinneamh. Bhí sé ina léachtóir ar chúrsa Máistreachta agus ar Chlár Teastais DCU in Airgeadas Fuinnimh Inmharthana. Tá ríomhleabhar scríofa aige ar dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Eorpacha agus Forbairt Straitéiseach IBEC agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Oifig Gnó Éireannach atá lonnaithe sa Bhruiséil ó 1986 go 2001. Níos luaithe ina shaol oibre d'oibrigh sé sna Ranna Tionscail agus Fuinnimh agus Gnóthaí Eachtracha.



## Dr Lisa Ryan

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018*

Is eacnamaí fuinnimh sinsearach í Lisa in éifeachtúlacht fuinnimh, i bhfuinneamh in-athnuaite agus in eacnamaíocht athraithe aeráide. Ghlac sí le post in Institiúid Fuinnimh UCD mar thaighdeoir sinsearach in eacnamaíocht fuinnimh i Meán Fómhair 2014. Ba í an t-eacnamaí fuinnimh sinsearach san Aonad Éifeachtúlachta sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh (IEA) i bPáras go dtí samhradh 2013 mar ar threoraigh sí tionscadail a bhaineann le maoiniú éifeachtúlachta fuinnimh, iompar, agus beartas trasearnála. D'oibrigh sí ina dhiaidh sin mar chomhairleoir neamhspleách in eacnamaíocht fuinnimh agus timpeallachta. Tá PhD ag Lisa san eacnamaíocht timpeallachta ó UCD, mar aon le hiarchéimeanna agus bunchéimeanna eile san eacnamaíocht agus san innealtóireacht ó UCD agus Colorado School of Mines, SAM.



## Michael Wall

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018*

Is abhcóide é Michael a dhéanann speisialtóireacht san foirgníocht, sa phleanáil agus i ndlí timpeallachta. Is teagascóir páirtaimseartha é ar chláir mháistreachta UCD sa phleanáil, dearadh uirbeach agus ailtireacht tírdhreacha. Is ailtire agus pleanálaí cáilithe é agus tá MBA aige ó Scoil Ghnó Smurfit in UCD. Bhí Michael ina chomhalta den Bhord Pleanála ó 1999 go dtí 2006, roimhe sin d'oibrigh sé mar ailtire i gcleachtas príobháideach. Tá sé ar Choiste Comhairleach Pleanála GNBS (NAMA) ó bunaíodh é in 2010. Is Eadránaí agus Idirghabhálaí cáilithe é Michael freisin.



## Kevin Brady

*Ceaptha an 16 Feabhra 2017*

Is é Kevin an Príomhoifigeach atá i bhfeighil na Rannóige um Beartas Fuinnimh Theasa & Iompair sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. I measc a chuid freagrachtaí tá forbairt an teasa in-athnuaite sna hearnálacha tionsclaíocha, tráchtála agus cónaithe. San earnáil iompair, tá sé ina chomhchathaoirleach ar an Tascfhórsa um Fheithiclí Astaíochtaí Ísle agus tá sé freagrach as beartais fuinnimh a chuireann fuinneamh in-athnuaite chun cinn san iompar agus san fhás i bhfeithiclí astaíochta ísle agus atá saor ó astaíochtaí. Tá céim aige san innealtóireacht agus MA san eacnamaíocht ón gColáiste Ollscoile, BÁC. Roimhe seo, ba chomhairleoir eacnamaíoch é Kevin a rinne speisialtóireacht ar earnálacha an fhuinnimh agus an iompair agus tá taithí aige roimhe seo ar thionscadail fuinnimh ghaoithe a fhorbairt in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.



## Kate Ruddock

*Ceaptha an 16 Feabhra 2017*

Is Leas-Stiúrthóir í Kate ar Chairde na Cruinne, agus tá sí ina comhalta de Choiste Stiúrtha Chrann Taca na Timpeallachta. Oibríonn Kate chun beartas fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun feasacht an phobail a mhéadú maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta go háirithe i gcomhthéacs an Athraithe Aeráide agus ról na hÉireann chun dul i ngleic leis an Athrú Aeráide. Tá taithí aici ar thionscadail fhuinnimh phobail, oideachas timpeallachta agus comhairliúchán i dtaobh tionscadail infreastruchtúir fhuinnimh in-athnuaite. Tá céim aici san Eolaíocht Nádúrtha ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Máistreacht san inbhuanaitheacht Timpeallachta ó Ollscoil Dhún Éideann.

## **BORD SEAI 2019** – AR LEANÚINT



### Andrew Ennis

*Ceaptha an 14 Iúil 2017*

Is Stiúrthóir Fuinnimh In-athnuaite é Andrew ar Bartra Capital, a bhfuil infheistiú déanta aige i réimsí éagsúla den mhargadh infreastruchtúir Éireannach, lena n-áirítear tithíocht, cúram sláinte, áitreabh tráchtála agus fuinneamh in-athnuaite. Is cuntasóir cairte é Andrew agus tá B.Comm agus M.Acc aige ó UCD. Tá taithí breis agus 16 bliana ag Andrew san airgeadas corparáideach sa mhargadh infreastruchtúir in Éirinn, ag déanamh speisialtóireacht i bhfuinneamh agus i bhfuinneamh in-athnuaite. Bhí sé ag obair roimhe seo d'Aonad NewERA de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a bunaíodh chun comhairle airgeadais chorparáidigh a sholáthar don Rialtas i dtaobh bainistiú agus diúscairt sócmhainní Stáit agus infheistiú i bpríomh-infreastruchtúr geilleagrach. D'oibrigh sé freisin le hAirgeadas Corparáideach NCB (ar cuid de Investec Éireann anois é), ag déanamh speisialtóireacht i gcumaisc agus in éadálacha infreastruchtúir, agus tiomsú airgid.



### Ann Markey

*Ceaptha an 14 Iúil 2017*

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann í Ann agus tá sí ag obair anois mar chomhairleoir gnó agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Tá taithí mhór aici i dtionscal an fhuinnimh agus bhí roinnt poist feidhmiúcháin i réimsí an airgeadais agus na tráchtála aici sa ghrúpa BSL. Tá taithí aici ar ghnólachtaí leictreachais thraidisiúnta agus ar infheistiú i dteicneolaíochtaí le hardchumas fáis agus gnólachtaí fuinnimh in-athnuaite atá dírithe ar an ngeilleagar ísealcharbóin. Tá sí ina comhalta Boird den Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ann. Tá sí ina comhalta de Choiste Iniúchóireachta an FSS. Tá céim sa dlí aici ó UCD, agus tá sí ina Comhlach d'Institiúid Cánach na hÉireann agus de Chomhlachas na gCisteoirí Corparáideacha.



### Léan Doody

*Ceaptha ar 31 Deireadh Fómhair 2018*

Tá Léan ina Ceannaire ar Mhaoin Dhigiteach agus Cathracha don Eoraip in Arup. Tá breis agus 20 bliain de thaithí ghairmiúil aici sa tionscal, lena n-áirítear taithí ar obair le cliaint éagsúla ó rialtais chathrach agus náisiúnta go forbróirí príobháideacha, agus ar thionscadail éagsúla a bhaineann le straitéis fhairsing agus obair bheartais i dtaobh teicneolaíochtaí cliste a chur i bhfeidhm. I measc na hoibre tionscadail a rinne sí le déanaí tá straitéis dhigiteach agus obair bheartais do rialtas na Danmhairge agus rialtas Shingeapór, The Greater London Authority, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Sydney, Canberra agus mórthionscadail mháistirphleanála i Maidrid, i Singeapór agus in Dubai. Sa réimse seo atá i mbéal forbartha, bhí sí gníomhach ag obair le hinstitiúidí taighde agus le comhlachtaí tionscail chun cláir oibre agus caighdeáin idirnáisiúnta a shocrú, lena n-áirítear an Institiúid um Chaighdeáin na Breataine agus Ionad Bonneagair Chliste agus Foirgníocht Cambridge. Is Léachtóir Sinsearach Oinigh í i gColáiste na hOllscoile, Londain sa Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Beartas Poiblí agus is scrúdaitheoir seachtrach í i gColáiste Ríoga na hEalaíne i Londain.



### Werner Kruckow

*Ceaptha an 31 Deireadh Fómhair 2018 – imithe ar scor an 17 Eanáir 2019*

B'iar-stiúrthóir tionscadail ar Siemens Corporate Development é Werner Kruckow. Bhí sé ina stiúrthóir tionscadail freisin ar fhoirgneamh darb ainm "An Criostal" i Londain, bhí sé ina bhainisteoir ar a thógáil agus a fheistiú. Is Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin é ar Siemens Teoranta Éireann.



**Joe O'Carroll**

*Ceaptha 28 Feabhra 2019*

Tá breis agus 25 bliana taithí ag Joe O'Carroll in earnálacha an Fhuinnimh, na hInbhuanaitheachta, na Glan-teicneolaíochta agus na hAgrai-theicneolaíochta. D'oibrigh sé in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, i SMA, san Afraic agus sna Balcáin. Tá céim aige san Eolaíocht Talmhaíochta ó UCD, tá MBA (UCC) agus Dioplóma aige i dTreo Cuideachta (Institiúid Stiúrthóirí). Chuir sé críoch le cláir oiliúna feidhmiúcháin i bhForas Bainistíochta na hÉireann Baile Átha Cliath agus Scoil Kennedy in Harvard. I ndiaidh dó a ghnólacht fuinnimh in-athnuaite a bhunú, a scálú agus a dhíol idir 2008 agus 2017 bhí sé i bpoist ard-bhainistíochta ag clúdach réimsí amhail bainistíocht ghinearálta, straitéis, tráchtálú, díolacháin & margaíocht agus tiomsú airgid. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar ghnólacht turasóireachta agus ar chomhlacht comhairleoireachta bainistíochta a dhéanann speisialtóireacht san earnáil cógaisíochta tionsclaíochta. Faoi láthair tá Joe ina Stiúrthóir Tráchtála agus comhalta boird ar Treemetrics, cuideachta teicneolaíochta atá lonnaithe i gCorcaigh agus a sholáthraíonn táirge SaaS cumasaithe do chrua-earraí don tionscal foraoiseachta agus táirgí adhmaid domhanda.

Bhunaigh Bord SEAI trí Choiste mar seo a leanas:

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord lena fhreagrachtaí cuntasóireachta agus dlí a chomhlíonadh; bíonn sé i dteagmháil le hiniúchóirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar chóras na rialuithe inmheánacha, ar an bpróiseas um bainistiú agus measúnú riosca, Clár Rioscaí SEAI san áireamh, agus déanann sé maoirseacht ar shocruithe baincéireachta agus buiséadaithe thar lear. Feidhmíonn an Coiste ar bhonn neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil, i scríbhinn, gach bliain. Bhí naoi gcruinniú den Choiste ar siúl in 2019. Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste agus beirt chomhaltaí sheachtracha atá ceaptha ag an mBord.

### Comhaltaí

**Ann Markey**
Cathaoirleach
*Ceaptha an 6 Feabhra 2019*

**Gerry Donnelly**
Comhalta seachtrach
*Ceaptha an 29 Bealtaine 2013*

**Lisa Ryan**
*Ceaptha an 27 Iúil 2016*

**Michael Wall**
*Ceaptha an 27 Iúil 2016*

**Martina Maher**
Comhalta seachtrach
*Ceaptha an 31 Iúil 2019*

**Sean Wyse**
Cathaoirleach
*1 Eanáir 2019 – 6 Feabhra 2019*

## AN COISTE UM BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA AGUS LUACH SAOTHAIR

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha an POF, laistigh de na treoirlínte a leagann an Rialtas síos. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an POF ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe agus an Comhaontú ar Leibhéal na Seirbhíse idir SEAI agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ina theannta sin, faomhann an Coiste Plean Gníomhaíochta an Údaráis i dtaca le Comhaontuithe na hEarnála Poiblí, má bhaineann siad le hábhar. Ní raibh aon chruinniú den Choiste ar siúl in 2019.

### Comhaltaí

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach

**Kevin Brady**

**Michael Mc Garry**
*Imithe ar scor ar an 2 Deireadh Fómhair 2019*

## AN COISTE UM SCÉIM TACAÍOCHTA DO THEAS IN-ATHNUAITE (SSRH)

Tá an Coiste freagrach as maoirseacht agus monatóireacht chuí a chinntiú maidir le rioscaí a bhaineann le SSRH lena n-áirítear cuspóirí beartais, gnóthachtálacha, iompraíocht mhargaidh, luach ar airgead agus éifeachtúlacht chostais. Tá sé freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar chinntí atá molta ag SEAI i gcomhthéacs an Mheabhráin Tuisceana (MOU) idir SEAI agus an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. D'fhág an Bord an t-údarás maidir le leibhéil deontais áirithe faoin gCoiste freisin.

### Comhaltaí

*ar fad a cheap an Bord ar an 1 Bealtaine 2019*

**Andrew Ennis**
Cathaoirleach

**Ann Markey**

**Joe O'Carroll**

**Kate Ruddock**

## **BORD SEAI 2019** – AR LEANÚINT

### TINREAMH BOIRD AGUS COISTE

| **Comhalta Boird** | **Tinreamh Boird** (Tionóladh 11 chruinniú in 2019) | **Tinreamh ar an gCoiste Iniú-chóireachta & Riosca** (tionóladh 9 gcruinniú in 2019) (a) | **An Coiste um Bainistíocht Feidhmíochta agus Luach Saothair** (níor tionóladh aon chruinniú in 2019) | **Coiste SSRH** (tionóladh 4 chruinniú in 2019) | **Táillí Boird 2019 (€)** | **Costais 2019 (€)** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Julie O'Neill | 11 | N/B | N/B | N/B | 11,970 | |
| Jim Gannon (d) | 9 | N/B | N/B | N/B | NÁID | |
| Michael McGarry (b) | 8 | N/B | N/B | N/B | 5,827 | 318 |
| Peter Brennan | 10 | N/B | N/B | N/B | 7,695 | |
| Lisa Ryan | 11 | 9 | N/B | N/B | 7,695 | |
| Michael Wall | 10 | 7 | N/B | N/B | 7,695 | |
| Kevin Brady | 9 | N/B | N/B | N/B | NÁID | |
| Kate Ruddock | 10 | N/B | N/B | 4 | 7,695 | |
| Andrew Ennis | 11 | N/B | N/B | 4 | 7,695 | |
| Ann Markey | 11 | 9 | N/B | 4 | 7,695 | |
| Léan Doody | 10 | N/B | N/B | N/B | 7,695 | |
| Joe O'Carroll (c) | 9 | N/B | | 2 | 6,444 | |
| Werner Kruckow (e) | NÁID | N/B | N/B | N/B | – | |
| **Iomlán** | | | | | **78,106** | **318** |

Baineann na costais a íocadh le comhalta boird Michael McGarry le costais taistil a thabhaíodh maidir le freastal ar chruinnithe Boird in 2019.

(a) Tá beirt chomhaltaí sheachtracha ag an gCoiste seo
(b) Imithe ar scor ar an 2 Deireadh Fómhair 2019 ag deireadh an téarma.
(c) Ceaptha ar an 28 Feabhra 2019
(d) Imithe ar scor an 27 Meán Fómhair 2019
(e) Ceaptha an 31 Deireadh Fómhair 2018 – imithe ar scor an 17 Eanáir 2019

Bhí beirt chomhaltaí Boird (Kevin Brady agus Jim Gannon (POF) nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

## ATHRUITHE FÍORTHÁBHACHTACHA FOIRNE

D'éirigh triúr comhaltaí as an mBord le linn 2019. Michael McGarry, ar an 2 Deireadh Fómhair 2019 ag deireadh a théarma, d'éirigh Werner Kruckow as ar 17 Eanáir 2019 agus d'éirigh Jim Gannon (POF) as ar an 27 Meán Fómhair 2019.

## NOCHTUITHE ATÁ DE DHÍTH FAOIN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ A RIALÚ (2016)

Tá an Bord freagrach as cinntiú go gcomhlíonann SEAI Éireann Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Faoi réir an chóid, ní mór na nithe a leanas a nochtadh.

Tá miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe agus nochtuithe taistil agus cothabhála san áireamh i Nótaí 5 agus 7 a ghabhann leis na ráitis airgeadais faoi seach.

## COSTAIS SAINCHOMHAIRLEORACHTA

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairleachta seachtraí don fhoireann bainistíochta agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna seachfhoinsithe ar gnáthghnó na heagraíochta iad.

| Mionsonra | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 590 | 580 |
| Caidreamh Poiblí/ Margaíocht | 19 | 70 |
| Acmhainní Daonna | 99 | 1 |
| Clár/Eagraíochtúil Feabhsú | 356 | 386 |
| Forbairt Scéimeanna | 738 | 732 |
| **Iomlán** | **1,802** | **1,769** |

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Saincho-mhairleorachta Caipitlithe | – | – |
| Gearrtar costais saincho-mhairleorachta ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Coimeádta Cúlchistí | 1,802 | 1,769 |
| **Iomlán** | **1,802** | **1,769** |

## COSTAIS DLÍ AGUS SOCRUITHE

Sa tábla thíos tá miondealú ar chostais dlí atá sainaitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuarascála. Ní dhearnadh aon socraíocht le linn 2019 (2018: Náid).

| Mionsonra | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 556 | 501 |
| Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí | 34 | 79 |
| **Iomlán** | **590** | **580** |

## CAITEACHAS AR FHÁILTEACHAS AGUS AR LEAS NA FOIRNE

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus na Cúlchistí Ioncaim Choimeádta an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas, níor tabhaíodh aon chostas ar fháilteachas a bhain le cliaint.

| Mionsonra | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Leas na Foirne agus Fáilteachas | 36 | 23 |

## RÁITEAS COMHLÍONTA

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun géilliúlacht don Chód a chinntiú. Bhí an SEAI ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019.

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Peter Brennan**
Comhalta Boird Neamhspleách
Sinsearach Údarás Fuinnimh
Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## SCÓIP FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), aithním freagracht an Boird chun a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuimsíonn an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

## CUSPÓIR LE CÓRAS AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun bainisteoireacht a dhéanamh ar riosca go leibhéal infhulaingthe seachas chun déanamh réidh de ar fad. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a réitíonn leis na treoracha a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## CUMAS CHUN AN RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ag SEAI ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí sheachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, duine acu is ea an Cathaoirleach. Bhí naoi gcruinniú ag ARC in 2019.

Tá an SEAI tar éis feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a bhunú chomh maith a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe leis an ARC. Faoi láthair tá an obair seo faoi chonradh ag Mazars.

Tá an eagraíocht tar éis beartas um bainistiú riosca a fhorbairt ina leagtar amach an dúil sa riosca atá san eagraíocht, na próisis um bainistiú riosca atá socraithe agus sonraí faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ar an bhfoireann i dtaca leis an riosca. Táthar tar éis an beartas a eisiúint don fhoireann go léir a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad ag obair laistigh de bheartais um bainistiú riosca de chuid SEAI, chun an fhoireann bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, chun laigí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Déanann an Coiste um Chomhlíonadh Cláir inmheánach de chuid SEAI athbhreithniú agus stiúradh ar ghníomhaíocht maidir le gach ceist a bhaineann le calaois phoitéinsiúil a aithnítear trí na nósanna imeachta agus próisis iniúchta agus Prótacal Aonaid Iniúchta SEAI. Is éard atá sa Choiste um Chomhlíonadh Cláir Bainisteoirí trasfheidhmiúla a dhéanann athbhreithniú ar gach eisceacht agus cúis imní ar féidir calaois a bheith mar bhonn leo, agus ar chásanna de neamhchomhlíonadh tromchúiseach. Cuireann sé treorú oibiachtúil ar fáil láithreach, mar aon le tacaíocht don fhoireann bainistíochta líne agus don fhoireann chun na rioscaí seo a mhaolú.

Má aithníonn SEAI go bhfuil suimeanna deontais/scéime ar gá a aisíoc leis de bharr mírialtachtaí nó sárú téarmaí agus coinníollacha deontas, lorgófar aisíocaíochtaí deontais ó na húinéirí tí/ conraitheoirí ábhartha. Nuair is gá, cuirfear cásanna in iúl do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag SEAI a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na príomhghníomhaíochtaí bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá ann do SEAI agus tá na rioscaí sin aitheanta, rinneadh measúnú agus grádú orthu in ord suntasachta. Déanann ARC an clár a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí seo chun an plean iniúchta inmheánaigh a phleanáil don bhliain agus chun acmhainní a dháileadh le go ndéanfaí bainistiú ar na rioscaí ag leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochta atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialuithe do chomhaltaí foirne ar leith.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Tá na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar taifead;
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- Tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú air;
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- Tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní; agus
- Dearbhaíonn nósanna imeachta rialaithe i dtaobh maoiniú deontas ar ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun cinntiú gur cuireadh maoiniú deontas i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialaithe in iúl do na daoine sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don fhoireann bainistíochta agus don Bhord, nuair ba ghá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- go dtugtar aitheantas do na príomhrioscaí agus na rialuithe a bhaineann leo agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú;
- go bhfuil socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- go ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid/ réamhaisnéisí.

## SOLÁTHAR

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an SEAI chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus le linn 2019 chomhlíon an SEAI na nósanna imeachta sin seachas soláthar na Foirne Gníomhaireachta i gcás gur mhó an caiteachas a tabhaíodh ná an costas tosaigh réamh-mheasta. Dá thoradh seo, níor comhlíonadh leibhéil tairsí soláthair. Le linn 2019 tabhaíodh €340,000 thar dhá ghníomhaireacht earcaíochta. Bhain tuairim is €50,000 de seo leis an táille ghníomhaireachta agus bhain an chuid eile, €290,000, le costas tuarastail na foirne a earcaíodh. Tugadh próiseas tairisceana chun críche chun aghaidh a thabhairt ar an gceist in 2018 agus tá comhaontú creatlaí nua i bhfeidhm anois. Baineann na costais a thabhaítear sa bhliain reatha agus an bhliain roimh ré le conarthaí gníomhaireachta atá i bhfeidhm roimh chríochnú an chomhaontaithe creatlaí.

## ATHBHREITHNIÚ AR AN ÉIFEACHTÚLACHT

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú SEAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus na foirne ardbhainistíochta laistigh de SEAI atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go bhfuil an Bord tar éis athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2019 ar an 27 Márta 2020.

## SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor aithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach in 2019 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais seachas an cás soláthair dá dtagraítear thuas.

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Peter Brennan**
Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le Cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### BARÚIL FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá Ráitis Airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann iniúchta agam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inbhuanaithe 2002. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2019 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### BUNÚS NA TUAIRIME

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAanna) de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus tá mo fhreagrachtaí eile eiticiúla comhlíonta agam faoi réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá bailithe agam leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### TUAIRISC AR EOLAS NACH mBAINEANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS AR ÁBHAIR EILE

Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá agam chun tuairisciú ar eolas dá leithéid agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meitheamh 2020

### AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

#### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe in alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002
- cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir i gcomhréir le FRS 102
- an rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíthuairisc ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá ceangal orm faoi fhorálacha alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus chun tuairisciú ina dtaobh roimh Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairisc ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míthuairisc ábhartha i gcónaí más ann dó. Is féidir le míthuairiscí teacht as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é gur féidir a mheas go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina

n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Is airde an riosca nach n-aimseofar míthuairisc ábhartha de bharr calaoise ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as earráid, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Is é an tátal a bhainim as oiriúnacht na húsáide maidir le gnóthas leantach cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a aimsíodh, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá ceangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar cuí na nochtuithe sin, mo thuairim a choigeartú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a aimsíodh suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fheadfadh rudaí titim amach nó d'fhéadfadh athrú teacht ar chúinsí amach anseo sa chaoi nach mbeidh SEAI ábalta feidhmiú a thuilleadh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar mhodh lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

## Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceangal orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, mé á dhéanamh sin, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go ndearnadh míthuairisc ábhartha ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisc ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, tá ceangal orm é sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar cheisteanna eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina ndéantar gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha sa chás nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí a beartaíodh nó nár chomhlíon na hidirbhearta na húdaráis a rialaigh iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le hiniúchadh na ráiteas airgeadais a cheadú go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta

## Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais Stáit | 2 | 176,734 | 146,858 |
| Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh | 9 | 3,271 | 2,429 |
| Ioncam Conartha AE | 3 | 75 | 43 |
| Ioncam Eile | 4 | 572 | 110 |
| Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin don Bhliain | 15(c) | 2,067 | 1,809 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin a Íocadh leis an RCGAT agus leis an RCPA | 5.1 | (308) | (283) |
| Glanaistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (4,321) | (46) |
| **Ioncam Iomlán** | | **178,090** | **150,920** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Riaracháin | 5 | 15,034 | 12,462 |
| Caiteachas Cláir | 6 | 158,131 | 135,396 |
| Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh | 9 | 3,078 | 2,625 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **176,243** | **150,483** |
| **Farasbarr don Bhliain roimh Leithreasaí** | | **1,847** | **437** |
| **LEITHREASAÍ** | | | |
| Gluaiseacht i Suimeanna dlite don RCGAT | 8 | (56) | (70) |
| **Farasbarr don Bhliain roimh Leithreasaí** | | **1,791** | **367** |
| **Farasbarr amhail an 1 Eanáir** | | **564** | **197** |
| **Farasbarr amhail an 31 Nollaig** | | **2,355** | **564** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Peter Brennan**
Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **AN RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH** | | | |
| Farasbarr don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí | | 1,791 | 367 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir | | 553 | (554) |
| (Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach ag eascairt as Athruithe ar Thoimhdí mar bhonn agus taca le Luach Reatha Oibleagáidí Sochair Scoir | | (6,746) | 588 |
| (Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach sa Bhliain | 15 | (6,193) | 34 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha | 15 | 6,193 | (34) |
| **Ioncam Iomlán Cuimsitheach don Bhliain** | | **1,791** | **367** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Peter Brennan**
Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

# An Ráiteas ar Staid an Airgeadais

**Amhail an 31 Nollaig 2019**

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | **10** | **4,650** | **328** |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Airgead Tirim agus a Choibhéis | 14 | 4,916 | 4,700 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 11 | 2,061 | 1,476 |
| | | **6,977** | **6,176** |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Suimeanna Iníoctha & Fabhruithe | 12 | (4,622) | (5,612) |
| **Glan-sócmhainní Reatha** | | **2,355** | **564** |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 15 B | (39,891) | (31,631) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha | 15 B | 39,891 | 31,631 |
| **Glan-sócmhainní Reatha** | | **7,005** | **892** |
| **ARNA LÉIRIÚ AG** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 13 | 4,650 | 328 |
| Cúlchistí Ioncaim Choimeádta | | 2,355 | 564 |
| | | **7,005** | **892** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Peter Brennan**
Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

24 Meitheamh 2020

# An Ráiteas ar na Sreafaí Airgid

## Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **GLANSREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| Ioncam Breise thar Chaiteachas | | 1,791 | 367 |
| Glanaistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | 4,321 | 46 |
| Ús Bainc Íoctha | | 44 | 31 |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 10 | 864 | 433 |
| (Méadú)/Laghdú ar Chuntais infhála | 11 | (585) | (341) |
| (Méadú)/Laghdú ar Chuntais iníoctha | | (990) | 362 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **5,445** | **898** |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA** | | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra & Trealamh a Insealbhú | 10 | (5,185) | (479) |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE** | | | |
| Ús Bainc Íoctha | | (44) | (31) |
| **Méadú ar Airgead Tirim agus a Choibhéis** | | **216** | **388** |
| Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus a Choibhéis | | 216 | 388 |
| Airgead Tirim agus a Choibhéis amhail an 1 Eanáir | | 4,700 | 4,312 |
| **Airgead Tirim agus a Choibhéis amhail an 31 Eanáir (Nóta 14)** | | **4,916** | **4,700** |

# Na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach seo thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na mblianta go léir roimhe seo.

### (A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019.

### (B) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, seachas má luaitear a mhalairt thíos. Ullmhaítear iad i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormáid atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil. Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro.

### (C) Deontais Stáit

Léirítear i nDeontais Stáit (Nóta 2) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta an méid a fuarthas sa bhliain.

### (D) Caiteachas Deontais

Tuairiscítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a comhlíonadh gach coinníoll a bhain leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe dá chuid. Tiocfaidh laghdú ar Cheangaltais Deontais ar íocaíocht deontais nó ar éag an chomhaontaithe deontais.

Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 16.

### (E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dhíreach d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Costais Feistithe Tithíochta | 10% |
| Mótarfheithiclí | 20% |
| Trealamh TF agus Bogearraí | 33.33% |
| Trealamh Oifige | 33.33% |
| Clár na nAigéan | 33.33% |

Tuairiscítear an Talamh ar a chostas. Nuair atá nod ann gur lú na méideanna in-aisghabhála sócmhainne ná a luach tugtha anonn, déantar athbhreithniú bearnúcháin. Más lú an méid in-aisghabhála ná an méid glanluacha, laghdaítear an tsócmhainn síos go dtí a méid in-aisghabhála as a leanann caillteanas lagaithe. Tuairiscítear caillteanais bhearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas láithreach.

Dímheastar sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 go hiomlán i mbliain na héadála. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na héadála; ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Tuairiscítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb é an difríocht idir na fáltais díola agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a tharlaíonn de thoradh diúscartha nó scor earra sócmhainní seasta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sna ráitis airgeadais go dtí nach bhfuil siad á n-úsáid a thuilleadh.

Déantar costais Forbartha Córas TF a bhaineann le cláir ar leith SEAI a chlárú mar chaiteachas sa bhliain ina dtiteann siad amach. Rinne an fhoireann bainistíochta breithniú ar an mbeartas agus creideann siad, mar gheall ar chineál dinimiciúil agus athraitheach na gclár, gur cuí na costais seo a chlárú mar chaiteachas.

### (F) Aoisliúntas

Foráiltear in Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 go mbunóidh an tÚdarás scéimeanna aoisliúntais. Scéim le sochar sainithe is ea an scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear suim atá ar aon dul leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil é a aisghabháil, agus go ndéanann sé cúiteamh ar dheontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh. Léirítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim is féidir a aisghabháil ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Is éard atá i ndliteanais phinsin ná an luach reatha íocaíochtaí a bheidh ar phinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i gcistiú iarchurtha pinsin ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Lena chois sin, déanann an tÚdarás an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair), ar scéim pinsin sochair shainithe í, a fheidhmiú do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí de chuid chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na dliteanais ghaolmhara i dtaca le híocaíochtaí pinsin amach anseo agus sócmhainn chomhfhreagrach san áireamh i ráitis airgeadais an SEAI.

### (G) An Cuntas Caipitil

Is éard atá sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh atá ar ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### (H) Léasanna

Aithnítear Íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a bhfaigheann an SEAI sochar ón áitreabh.

### (I) An Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)

Gineann an tÚdarás ioncam EPBD faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leo roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 arna leasú). Faoin reachtaíocht, ní mór d'úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuairisc Chomhairleach a sholáthar do cheannaitheoirí nó tionóntaí ionchasacha nuair a dhéantar foirgneamh a thógáil, a dhíol nó a ligean ar cíos.

Tá táillí éagsúla iníoctha maidir le BER lena n-áirítear táille ar chlárú measúnóra agus tobhach maidir le gach measúnú BER a chuirtear isteach sa tréimhse chuig an Údarás chun Deimhniú BER a eisiúint. Cuirtear ioncam EPBD san áireamh ar bhonn fabhruithe.

### (J) Ioncam Conartha AE

Is éard is ioncam conartha AE ná ioncam ó ghníomhaíochtaí san Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite, cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistíocht imeachtaí. Aithnítear ioncam de réir théarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar am agus ar fheidhmíocht riachtanais an chonartha. Cuirtear cistí ar ais chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar a bhfáil, nó coimeádtar iad laistigh de SEAI, bunaithe ar théarmaí an chonartha.

### (K) Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe i gcomhréir le ham na riachtanas feidhmíochta.

### (L) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

I dtaca le costais phinsin, tá na toimhdí atá mar bhonn de na luachálacha achtúireacha lena n-áirítear na suimeanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil phá amach anseo, sna rátaí báis agus sna rátaí treochta i gcostais cúraim shláinte) a uasdátú uair sa bhliain bunaithe ar choinníollacha reatha, agus de réir aon athruithe ábhartha a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margaidh fostaíochta amach anseo

## 2. Deontas Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, soláthraíonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil cistiú don Údarás chun tabhairt faoina fheidhmeanna.

Cuirtear an cistiú go léir ar fáil tríd an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil (Vóta 29).

| | Vóta Fo-cheannteideal | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **RIAR SEAI** | | | |
| – Reatha | C3 | 12,387 | 10,297 |
| – Caipiteal | C3 | 4,998 | 737 |
| **CLÁIR FUINNIMH INMHARTHANA** | | | |
| – Reatha | C4 | 11,437 | 11,297 |
| – Caipiteal | C4 | 139,737 | 116,481 |
| **CLÁIR THAIGHDE FUINNIMH** | | | |
| – Reatha | C5 | 825 | 754 |
| – Caipiteal | C5 | 7,350 | 7,292 |
| **Caiteachas Cláir Iomlán** | | **176,734** | **146,858** |

## 3. Ioncam Conartha AE

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Gníomhaíocht Chomhbheartaithe IV EPBD (a) | 22 | – |
| Gníomhaíocht Chomhbheartaithe V EPBD (a) | (37) | 37 |
| AFLOWT (b) | 17 | – |
| OPIN (b) | 9 | – |
| RERD&D Era Net (b) | 56 | – |
| Odyssey Mure (a) | (6) | 6 |
| Ocean Era Net (a) | 14 | – |
| | **75** | **43** |

(a) Meastar gur leithreasaí cúnaimh iad na tionscadail seo agus dá bharr sin cuirtear na fáltais ar fad chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar a bhfáil.

(b) Tá na tionscadail seo ag brath ar vóta agus dá bharr sin coimeádtar na cistí a fhaightear laistigh de SEAI.

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 4. Ioncam Eile

Is éard atá in ioncam eile ná fáltais ó chúrsaí agus fáltais urraíochta.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Urraíocht Dámhachtainí Fuinnimh Inbhuanaithe | – | 30 |
| Ioncam Eile | 37 | 46 |
| Ioncam Cómhaoinithe RERD&D | 535 | 34 |
| | **572** | **110** |

Faightear ioncam cómhaoinithe Forbartha & Imlonnaithe, Taighde Fuinnimh Inmharthana ó ghníomhaireachtaí rialtais eile chun deontais taighde a pháirtmhaoiniú. Aithnítear ioncam i gcomhréir le luach an deontais a eisítear agus an céatadán de chómhaoiniú a sholáthraítear i ngach dámhachtain taighde.

### 5. Caiteachas Riaracháin

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail agus táillí gaolmhara | 5.1 | 7,372 | 6,634 |
| Costais phinsin | 15(a) | 2,093 | 1,825 |
| Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas | | 263 | 248 |
| Fógraíocht agus Bolscaireacht | | 255 | 426 |
| Táillí Gairmiúla Ginearálta | 5.2 | 141 | 109 |
| Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse | 5.3 | 2,121 | 860 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 5.4 | 1,255 | 1,304 |
| Riarachán Ginearálta | 5.5 | 1,534 | 1,056 |
| | | **15,034** | **12,462** |

### 5.1 Tuarastail agus Táillí Gaolmhara

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha | | 5,835 | 5,331 |
| ÁSPC Fostóirí | | 592 | 526 |
| Foireann Gníomhaireachta/Conartha | | 867 | 703 |
| Díolaíochtaí Comhaltaí Boird | 18 | 78 | 74 |
| | | **7,372** | **6,634** |

Níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain (2018: €0)

Níor íocadh aon íocaíochtaí ragoibre sa bhliain (2018: €0)

D'íoc an tÚdarás €159,899 (2018: €160,257) i ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí lena mháthair-roinn (an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil) in 2019 i dtaca le scéim aoisliúntais an SEAI. D'íoc sé €147,674 (2018: €122,618) ar ais leis an RCPA freisin i dtaca le comhaltaí na Scéime Aonair. Níl ceangal ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh faoi na scéimeanna.

#### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

D'éirigh an t-iar-Phríomhfheidhmeannach as ar an 27 Meán Fómhair 2019. B'ionann a luach saothair in 2019 agus €101,268 (2018: €122,941) agus bhí costais €1,254 (2018: €4,597) ag baint leis.

Ceapadh an POF Idirlinne ar an 27 Meán Fómhair 2019. B'ionann a luach saothair agus €31,972 agus bhí costais €644 ag baint leis.

Ní sháraíonn teidlíocht phinsin an POF reatha na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aonair pinsin na hearnála poiblí.

Ní áirítear lena chonradh scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil/réamhriachtanais.

#### Luach Saothair na Príomhbhainistíochta

Is ionann na príomhphearsanra bainistíochta in SEAI in 2018 agus 2019 agus an POF, an COO agus seachtar Ceannasaithe Roinne. Is mar seo a leanas atá luach iomlán na sochar fostaithe a bhaineann leis na comhaltaí príomhbhainistíochta:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 897,504 | 894,096 |

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na foirne bainistíochta na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim eiseamláireach san earnáil phoiblí nó i scéim aonair na hearnála poiblí. Ní áirítear le Conarthaí Fostaíochta scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil/réamhriachtanais.

### Ranníocaíocht Bhreise aoisliúntais

Asbhaineadh €240,289 (2018: €275,621) de ranníocaíocht bhreise aoisliúntais as tuarastail agus íocadh é leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le linn na bliana. Cuireadh é seo ann in ionad asbhaint a bhaineann le pinsean ag tús 2019.

### Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas:

| Banda Sochair € | Méid Fostaithe amhail 31 Nollaig 2019 | Méid Fostaithe amhail 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| 60,000 – 69,999 | 9 | 10 |
| 70,000 – 79,999 | 9 | 5 |
| 80,000 – 89,999 | 21 | 20 |
| 90,000 – 99,999 | 2 | 2 |
| 100,000 – 109,999 | 3 | 3 |
| 110,000 – 119,999 | 1 | 0 |
| 120,000 – 129,999 | 0 | 1 |

Nóta: Chun críche an nochta seo, cuimsíonn sochair ghearrthéarmacha an fhostaí maidir le seirbhís a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre íocaíochtaí eile thar ceann an fhostaí ach ní chuimsíonn sé ÁSPC an fhostóra.

### Táillí Boird

Tá táillí an Bhoird tuairiscithe i Nóta 18.

### Conradh Buan agus Fadtéarmach

An meánlíon fostaithe buana agus fadtéarmacha conartha don tréimhse ba ea 92 (2018: 89). An líon fostaithe buana ag deireadh na tréimhse ba ea 90.6 (2018: 89.4).

## 5.2 Comhairleoireacht Ghinearálta agus Táillí Gairmiúla

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Straitéiseach | 91 | 68 |
| Táillí Rúnaíochta | 50 | 41 |
| | **141** | **109** |

## 5.3 Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Cíos | 1,760 | 576 |
| Rátaí | 67 | 59 |
| Táillí Seirbhíse | 253 | 210 |
| Fóntais | 41 | 15 |
| | **2,121** | **860** |

Le linn 2019 d'athlonnaigh SEAI a phríomhoifig nua, le hachar urláir breise, atá níos oiriúnaí maidir le riachtanais eagraíochtúla. Tá an t-áitreabh lonnaithe i bPlás na Trí Pháirc, Sráid Hatch, Baile Átha Cliath 2.

## 5.4 Teicneolaíocht Faisnéise

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas ginearálta TF | 292 | 222 |
| Cothabháil agus Tacaíocht TF | 621 | 591 |
| Forbairt Córas TF | 100 | 166 |
| Ceadúnais TF | 242 | 325 |
| | **1,255** | **1,304** |

## 5.5 Riarachán Ginearálta

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal & Cothabháil – An Fhoireann | 23 | 21 |
| Taisteal & Cothabháil – An Bord | 1 | 1 |
| Dímheas | 864 | 437 |
| Táillí iniúchóireachta – seachtrach | 35 | 32 |
| Táillí iniúchóireachta – inmheánach | 29 | 36 |
| Árachas agus Dlí | 183 | 128 |
| Eile | 399 | 401 |
| | **1,534** | **1,056** |

## **NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS** – AR LEANÚINT

### 6. Caiteachas Cláir

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Éifeachtúlacht Fuinnimh | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo | 6.1 | 40,528 | 35,682 |
| Teas Fuinnimh Níos Fearr & Folláine | 6.2 | 8,230 | 12,056 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 6.3 | 25,654 | 19,904 |
| PV Gréine | 6.4 | 4,833 | 230 |
| Clár Píolótach Iarfheistithe Domhain | 6.5 | 6,092 | 5,294 |
| Tionsclaíocht & Gnó | 6.6 | 5,387 | 4,081 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí | 6.7 | 10,546 | 14,222 |
| Clár na Scoileanna | 6.8 | 501 | 443 |
| Faireachas Margaidh | 6.9 | 341 | 405 |
| An Clár um Fhorbairt Iarfheistithe | 6.10 | 1,222 | 1,194 |
| Fuinneamh Pobail | 6.11 | 20,660 | 20,625 |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | 6.12 | 802 | 673 |
| **FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | |
| Taighde, Forbairt & Imlonnú, Fuinnimh In-Athnuaite | 6.13 | 4,165 | 3,532 |
| Fuinneamh Aigéin | 6.14 | 3,753 | 4,218 |
| An Coiste um Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite | 6.15 | 1,105 | 969 |
| **AN NUÁLAÍOCHT & AN COMHTHÁTHÚ** | | | |
| Anailís Bheartais Straitéisigh | 6.16 | 1,198 | 792 |
| Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh | 6.17 | 386 | 351 |
| Iompar | | | |
| Feithiclí Leictreacha | 6.18 | 22,728 | 10,725 |
| | | **158,131** | **135,396** |

Áirítear na costais riaracháin go léir a bhaineann go díreach le caiteachas clár sna costais chláir thuas.

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain a athrangú agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

### 6.1 Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 37,311 | 32,393 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 2,398 | 2,619 |
| Bainistíocht Custaiméirí & Dearbhú Cáilíochta | 266 | 364 |
| Costais Eile | 95 | 81 |
| Forbairt & Cothabháil Córas TF | 456 | 224 |
| Costais Taistil | 2 | 1 |
| | **40,528** | **35,682** |

Tugtar tacaíocht le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe faoi úinéireacht phríobháideach a bhfuil bochtaineacht bhreosla acu leis an scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo. In 2019 rinneadh 3,077 (2018: 5,237) uasghrádú faoin scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo. Go dtí 2018, bhí an scéim dírithe den chuid is mó ar bhearta éadomhain a sheachadadh amhail insliú áiléir agus cuasbhalla. Mar sin féin, tar éis fógra a thug an tAire i Márta 2018, rinneadh athrú suntasach ar an scéim agus méadaíodh na bearta inslithe ballaí chun insliú inmheánach agus seachtrach balla a áireamh mar ghnáthchaighdeán.

### 6.2 Teas Fuinnimh Níos Fearr & Folláine

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 7,850 | 11,546 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 301 | 387 |
| Feidhmiú/Bolscaireacht Cláir | 79 | 123 |
| | **8,230** | **12,056** |

Tá sé d'aidhm ag an Scéim Teasa agus Folláine feabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine leochaileacha atá ag fulaingt le fadhbanna riospráide ainsealaí. In 2019 rinneadh 347 (2018: 437) uasghrádú agus íocadh astu faoin Scéim Teasa & Folláine. Cuireadh na bearta breise dá dtagraítear i Nóta 6.1 i bhfeidhm freisin sa scéim Teasa agus Folláine in 2018. Forbraíodh an scéim mar chár píolótach chun tuiscint a fháil ar dhea-thionchar Iarfheistithe i gcás daoine atá ag fulaingt le fadhbanna riospráide ainsealaí.

## 6.3 Tithe Fuinnimh Níos Fearr

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 22,563 | 17,221 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 885 | 781 |
| Soláthar Oibríochtúil | 1,366 | 940 |
| Costais Eile | 157 | 100 |
| Costais TF | 587 | 510 |
| Fógraíocht | 87 | 341 |
| Costais Taistil | 9 | 11 |
| | **25,654** | **19,904** |

Clár náisiúnta iarfheistithe is ea an Clár um Thithe Fuinnimh Níos Fearr atá ar fáil do gach uile úinéir tí, tiarnaí talún san áireamh, gan tástáil acmhainne. Spreagann sé úinéirí tí chun tithe níos éifeachtúla a dhéanamh dá dtithe ó thaobh fuinnimh de. Baintear é seo amach trí dheontais a sholáthar do shraith beart ar féidir iad a roghnú ina n-aonar, nó mar mheascán agus ar bhonn céim ar chéim chun iarfheistiú níos cuimsithí a bhaint amach le himeacht na haimsire. In 2019, íocadh deontais ar 18,218 teach (2018: 14,301).

## 6.4 PV Gréine

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 4,276 | – |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 125 | – |
| Soláthar Oibríochtúil | 229 | 49 |
| Costais Taistil | 3 | – |
| Costais TF | 200 | 182 |
| | **4,833** | **231** |

Cuireann an Scéim PV Gréine tacaíocht ar fáil maidir le córas fótavoltach (PV) a cheannach agus a shuiteáil agus/nó córas stórála fuinnimh cadhnra (BESS). Is íocaíocht aon uaire le húinéirí tí í seo atá bunaithe ar shuiteáil táirgí a chomhlíonann riachtanais na scéime. Tá méid an deontais iníoctha bunaithe ar thoilltí na gcóras PV gréine agus BESS a suiteáladh.

## 6.5 Clár Píolótach Iarfheistithe Domhain

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 5,837 | 4,753 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 41 | 33 |
| Forbairt Córas TF | 29 | 283 |
| Costais Taistil | 3 | 7 |
| Costais oibríochtúla eile | 182 | 218 |
| | **6,092** | **5,294** |

Cruthaíodh an clár Píolótach um Iarfheistiú Domhain chun dul i ngleic le dúshlán na héifeachtúlachta fuinnimh in Éirinn. Fiosraíonn sé na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an iarfheistiú domhain. Rachaidh an méid a fhoghlaimeofar sna cláir phíolótacha seo i gcion ar an gcur chuige a bheidh againn i dtaobh iarfheistiú mórscála domhain ar fhoirgnimh in Éirinn. Cuireadh 111 teach iarfheistithe domhain i gcrích mar thoradh ar an scéim phíolótach in 2019, agus cuireadh 325 teach ar fad i gcrích go dtí seo ó thús an chláir in 2017. Rachaidh na léargais ó na tithe seo go mór i gcion ar na réitigh a theastaíonn chun iarfheistiú a bhaint amach go dtí Rátáil A-BER agus ar na riachtanais iarfheistithe domhain in Éirinn amach anseo freisin.

## 6.6 Clár Tionscail agus Gnó

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| EXEED | 2,877 | 1,731 |
| Comhaontuithe Fuinnimh agus LIEN | 311 | 499 |
| Píolótaí Caipitil FBM | 1,301 | 1,173 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur Chun Cinn sa Ghnó | 155 | 192 |
| Costais Oibríochtúla ACA/E Triarach | 155 | 238 |
| Costas FBM & Tionscail Eile | 347 | 184 |
| Costais Forbartha & Chothabhála Córas TF | 224 | 52 |
| Costais Taistil | 17 | 12 |
| | **5,387** | **4,081** |

Tacaíonn an clár seo le hiarrachtaí i measc na n-earnálacha uile gnó chun glacadh le héifeachtúlacht fuinnimh a bhrostú. Baintear seo amach trí líonraí agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrach fuinnimh chun cinn ar chaighdeán den chéad scoth, agus margaí á bhforbairt do sheirbhísí agus comhairle éifeachtúlachta fuinnimh.

Is scéim deimhniúcháin sócmhainní é SEAI EXEED Deimhnithe a thugann aghaidh ar fheidhmíocht fuinnimh agus carbóin ar feadh an tsaoil trí bhainistíocht Deartha Éifeachtúlachta Fuinnimh. Is féidir EXEED Deimhnithe a chur i bhfeidhm i ngnólacht ar bith laistigh d'earnálacha tráchtála, tionscail agus poiblí. Tacaíonn EXEED le bainistíocht deartha éifeachtúlachta fuinnimh trí dheontais i gcomhair dúshláin deartha agus infheistíochtaí caipitil atá ag teacht chun cinn a bhfuil spreagadh i gcomhair infheistíochta de dhíth orthu. Leanadh ar aghaidh le deontais d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (Soilsiú agus Feirmeacha Déiríochta) in 2019 chun tacú leis an earnáil ghnó seo.

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 6.7 Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí | 8,417 | 12,328 |
| Seirbhísí Comhairleacha Cliant | 1,219 | 1,162 |
| Forbairt & Cothabháil Córas TF | 369 | 239 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 157 | 164 |
| Biúró Teicniúil | 360 | 315 |
| Costais Taistil | 25 | 14 |
| | **10,546** | **14,222** |

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúracha bhainistíochta fuinnimh chun cinn agus soláthraíonn sé comhairle, meantóireacht agus oiliúint struchtúrach dhíreach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh mar aon le saintacaíochtaí teicniúla d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Áirítear leis struchtúr cuimsitheach i gcomhair comhlachtaí poiblí chun ídiú fuinnimh a thuairisciú agus a rianú. In 2019, leanadh ar aghaidh le ghníomhartha píolótacha chun cineálacha cur chuige a thástáil le haghaidh gníomhartha iarfheistithe i bhfoirgnimh an rialtais láir, i scoileanna, in uisce agus dramhaíl, agus san earnáil sláinte.

### 6.8 Clár na Scoileanna

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Clár na Scoileanna | 501 | 443 |
| | **501** | **443** |

Cabhraíonn clár scoileanna SEAI le dul i gcion ar mheon, creidimh agus iompraíochtaí leanaí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsíonn an clár meascán d'acmhainní teagaisc atá ailínithe de réir an churaclaim, ceardlanna idirghníomhacha daltaí, comórtais scoláirí agus oiliúint múinteoirí.

### 6.9 Faireachas Margaidh

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Faireachas Margaidh | 288 | 372 |
| Costais TF | 40 | 24 |
| Costais Taistil | 13 | 9 |
| | **341** | **405** |

Is Gníomhaire Bainistíochta é SEAI agus cuireann sé feidhmeanna faireachais margaidh i bhfeidhm thar ceann an Aire Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil arb é an tÚdarás um Fhaireachas Margaidh. San áireamh leis an bhFaireachas Margaidh tá Ceanglais Éici-dheartha do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir 2009/125/CE ón AE), Faisnéis maidir le Lipéadú agus Táirgí Caighdeánacha do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir 2010/30/AE an AE) agus Lipéadú Bonn maidir le hÉifeachtúlacht Bhreosla agus Paraiméadair Riachtanacha Eile (Rialachán 1222/2009 CE).

### 6.10 An Clár um Fhorbairt Iarfheistithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Forbairt Córas & Clár TF | 901 | 919 |
| Costais Eile | 286 | 247 |
| Comhairle Straitéiseach | 16 | 16 |
| Comhairle Cliant | – | – |
| Costais Taistil | 19 | 12 |
| | **1,222** | **1,194** |

Tacaíonn Forbairt Iarfheistithe le forbairt níos leithne ar an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh de bhun Airteagal 7 den Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2012 agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo riarachán agus bainistíocht creidmheas fuinnimh chlár oibleagáidí soláthraí fuinnimh na hÉireann agus tacaíochtaí chun cláir nua iarfheistithe a fhorbairt.

Cuirfidh Treoir ar Éifeachtúlacht Fuinnimh (2018/2002) leasaithe tús le tréimhse nua den Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2021 faoi réir cinneadh beartais. Cuireadh tús le dearadh agus cur i bhfeidhm na scéime nua in 2019, ag bunú dálaí agus rialú na Scéime Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh, de bhun Airteagal 7 agus maoinítear é tríd an gClár um Fhorbairt Iarfheistithe.

## 6.11 Fuinneamh Pobail

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 18,953 | 19,235 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 156 | 130 |
| Costais Taistil | 29 | 20 |
| Costais TF | 46 | 38 |
| Tacaíocht Mhonatóireachta SEC | 815 | 612 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 661 | 590 |
| | **20,660** | **20,625** |

Tacaíonn an clár Pobal Fuinnimh Níos Fearr le tionscadail ag leibhéal an phobail, go háirithe i dtaca le féachaint le comhpháirtíochtaí nuálacha agus ceannródaíocha a thástáil maidir le seachadadh idir mar shampla, na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, earnálacha inmheánacha agus seachtracha, eagraíochtaí tráchtála agus neamhbhrabúis lena n-áirítear tithe atá bocht ó thaobh fuinnimh de.

Is éard atá i gceist leis an gclár Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe ná acmhainní a fhorbairt i bpobail le soláthar a chumasú i dtionscadail fuinnimh inbhuanaithe mhórscála agus an t-aistriú a bhaint amach chuig pobail fuinnimh inbhuanaithe.Tá líonra náisiúnta Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe forbartha aige agus breis is 345 comhalta ann faoi láthair. Tháinig deireadh leis an bpainéal Meantóirí don Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe i lár 2019 agus cuireadh soláthar i gcrích ag deireadh 2019 do phainéal nua Meantóirí chun tacú leis an líonra. (2018: 230).

## 6.12 Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 621 | 281 |
| Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 44 | 250 |
| Clár Eile<br>Oibriúcháin / Bolscaireacht | 54 | 113 |
| Córais TF | 77 | 26 |
| Taisteal agus Cothabháil | 6 | 3 |
| | **802** | **673** |

Tionscnamh Rialtais is ea an tionscadal Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr (BEF) a oibríonn chun réitigh mhargadhbhunaithe a shainaithint a d'fhéadfaí a fhorbairt mar mhalairt ar mhaoiniú díreach an Státchiste agus an drogall a bhíonn ar thomhaltóirí fiacha a ghlacadh orthu féin as feabhsúcháin ar éifeachtúlachta fuinnimh a shárú.

## 6.13 Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 3,972 | 3,280 |
| Feidhmiú Cláir Eile | 122 | 138 |
| Forbairt & Cothabháil Córas TF | 22 | 47 |
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 21 | 37 |
| Costais Taistil | 28 | 30 |
| | **4,165** | **3,532** |

Tacaíonn an clár seo le tionscadail taighde, forbartha agus taispeána fuinnimh inmharthana náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus soláthraíonn sé anailís speisialaithe chun dul i ngleic le bacainní beartais agus teicneolaíochta ar imscaradh fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh agus dá bhrí sin chun a gcur i bhfeidhm i margadh na hÉireann a fheabhsú.

## 6.14 Fuinneamh Aigéin

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 1,740 | 2,083 |
| Oibreacha ar Fochonradh | 1,859 | 1,838 |
| Costais Eile | 136 | 287 |
| Costais Taistil | 18 | 10 |
| | **3,753** | **4,218** |

Riarann an SEAI an Clár Fuinneamh Aigéin chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun dlús a chur le Fuinneamh Aigéin a fhorbairt in Éirinn, (lena n-áirítear an tacaíocht le fuinneamh tonnta, taoide agus gaoithe ar snámh agus seasta amach ón gcósta) faoi mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha um Fhuinneamh In- Athnuaite Amach ón gCósta. In 2019 chomhtháthaigh an clár glaoch ar thionscadail Fuinnimh Aigéin sa ghlaoch ar RER&D.

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 6.15 An Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Theicniúil | 288 | 469 |
| Feidhmiú Cláir | 488 | 268 |
| Forbairt Córas TF | 328 | 232 |
| Taisteal agus Cothabháil | 1 | – |
| | **1,105** | **969** |

Tacaíonn an Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite le córais teasa breosla iontaise a aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite inghlactha, lena n-áirítear coire bithmhaise, córais teaschaidéil agus bhithbhreosla (díleá anaeróbach). Tá dhá mheicníocht tacaíochta ar fáil sa Scéim – íocaíocht taraife mar chúnamh oibriúcháin do chóras teasa bithmhaise agus anaeróbach agus íocaíocht deontais mar chúnamh infheistíochta le haghaidh córas teaschaidéil. Ghlac an Scéim le hiarratais den chéad uair in 2019 i ndiaidh an fhógra Stát-Chúnaimh agus an phróisis faofa.

### 6.16 Anailís Bheartais Straitéisigh

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Feidhmiú Cláir | 975 | 514 |
| Costais Taistil | 3 | 6 |
| Costais TF | 220 | 272 |
| | **1,198** | **792** |

Soláthraíonn an clár seo comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus imlonnú fuinnimh inbhuanaithe. Tá an chomhairle seo curtha in oiriúint ag an SEAI chun dul i gcion ar fhorbairt bheartais fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn.

### 6.17 Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Taighde/Taighde Coimisiúnaithe | 73 | 148 |
| Costais Eile | 185 | 141 |
| Costais Taistil | 29 | 35 |
| Forbairt & Cothabháil TF | 99 | 27 |
| | **386** | **351** |

Comhlíonann an clár seo freagracht an SEAI as staitisticí cuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a chothabháil agus a fhoilsiú i dtaobh táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis seo, chomh maith, staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe agus anailís bheartais chun bonn fianaise neamhspleách a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais náisiúnta, agus rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí plé beartais agus meastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 6.18 Feithiclí Leictreacha

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 22,339 | 9,796 |
| Costais Eile | 306 | 310 |
| Fógraíocht | (6) | 526 |
| Forbairt & Cothabháil Córas TF | 88 | 90 |
| Costais Taistil | 1 | 3 |
| | **22,728** | **10,725** |

Tá an clár seo ag tacú le teicneolaíocht leictreach a úsáid i gcóras iompair na hÉireann agus cuireann sé cúnamh deontais ar fáil chun feithiclí leictreacha a cheannach agus chuir sé deontas ar fáil do 4,700 carr leictreacha bhreise in 2019 (2018: 2,000 carr) agus breis agus 2,000 luchtaire baile a cuireadh ar fáil mar chúnamh deontais faoin scéim seo in 2019. Ar an 30 Meán Fómhair 2019 sheol an SEAI an clár deontais um Luchtaire Tí Feithiclí Leictreacha d'Údaráis Áitiúla freisin.

## 7. Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta an caiteachas ar thaisteal agus cothabháil atá rangaithe mar seo a leanas:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Inmheánach – Fostaí | 103 | 122 |
| Idirnáisiúnta – Fostaí | 58 | 32 |
| | **161** | **154** |

## 8. Leithreasaí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Conartha AE | 14 | 43 |
| Aisíocaíochtaí Deontais | 37 | 10 |
| Eile | 5 | 17 |
| | **56** | **70** |

Cuirtear cistí nach ón Státchiste a fhaigheann an SEAI ar ais chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ós rud é go n-aithnítear na cistí sin mar ioncam, aithnítear freisin dliteanas comhfhreagrach don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Áirítear na fáltais seo mar Leithreasaí-i-gCúnamh ar an Vóta.

Sonraítear sa nóta thuas an ghluaiseacht sa mhéid atá dlite don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le linn 2019.

Fabhraítear Ioncam Conartha an AE ar bhonn bliantúil (féach Nóta 3) agus is féidir leis athrú ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha.

## 9. Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Oibriúchán Cláir Sheachfhoinsithe | 590 | 596 |
| Seachadadh & Forbairt Clár | 287 | 91 |
| Dearbhú Cáilíochta | 1,050 | 1,002 |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | 515 | 398 |
| Forbairt Córas TF | 624 | 531 |
| Costais Taistil | 12 | 7 |
| | **3,078** | **2,625** |

Ainmníodh an SEAI mar an tÚdarás Eisiúna atá freagrach as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí agus córais TF a sholáthar do mheasúnuithe, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus as bainistíocht agus cur chun cinn na scéime foriomláine.

Is ionann ioncam na scéime BER don bhliain agus €3,270,675 (2018: €2,429,063) ar fágadh brabús don bhliain de €193,225 (2018: (€196,436)).

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 10. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TF agus Bogearraí €'000 | Clár na nAigéan €'000 | Trealamh Oifige €'000 | Feistiú Foirgnimh €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | Talamh & Foirgnimh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS:** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 | 1,282 | 1,726 | 11 | 547 | 59 | 120 | 3,745 |
| Breiseanna | 530 | – | 487 | 4,171 | – | – | 5,188 |
| Diúscairtí | (336) | – | – | (507) | – | – | (843) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | **1,476** | **1,726** | **498** | **4,211** | **59** | **120** | **8,090** |
| **DÍMHEAS:** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 | (1,147) | (1,703) | (11) | (544) | (12) | – | (3,417) |
| Diúscairtí | 334 | – | – | 507 | – | – | 841 |
| Táille don Bhliain Reatha | (256) | (17) | (162) | (417) | (12) | – | (864) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | **(1,069)** | **(1,720)** | **(173)** | **(454)** | **(24)** | **–** | **(3,440)** |
| **Glanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2019** | **407** | **6** | **325** | **3,757** | **35** | **120** | **4,650** |
| **Glanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2018** | **135** | **24** | **–** | **3** | **47** | **120** | **328** |

Le linn 2019 d'athlonnaigh SEAI chuig príomhoifig nua i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch, Baile Átha Cliath 2. Baineann costais bhreise feistithe agus trealamh oifige leis an athlonnú seo. Baineann costais bhreise i dtaobh trealamh TF le costais i dtaca leis an athlonnú agus costais leanúnach chun trealamh TF a uasghrádú.

Baineann diúscairtí feistithe foirgnimh leis an iar-phríomhoifig i dTeach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath 2.

## 11. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Tairiscint ar Choinséartó Dhún Dealgan | 32 | 32 |
| Conarthaí AE | 73 | 47 |
| Infháltais EPBD | 252 | 175 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,420 | 1,001 |
| Infháltais Eile | 284 | 221 |
| | **2,061** | **1,476** |

## 12. Suimeanna Iníoctha & Fabhruithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha | 589 | 606 |
| Fabhruithe | 1,095 | 1,859 |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 | 92 | 93 |
| CBL & RCT | 1,210 | 1,578 |
| PSWT | 609 | 664 |
| ÍMAT/ÁSPC | 179 | 172 |
| Suimeanna Iníoctha Eile | 104 | 110 |
| Ioncam Iarchurtha | 744 | 530 |
| | **4,622** | **5,612** |

## 13. An Cuntas Caipitil

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 328 | 282 |
| **AISTRIÚ (CHUIG AN) / ÓN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOIMEÁDTA:** | | |
| Suim Chaipitlithe maidir le Sócmhainní Ceannaithe | 5,188 | 479 |
| Glanmhéid eisithe ar diúscairt | (2) | – |
| Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní | (864) | (433) |
| | 4,321 | 46 |
| **Iarmhéid amhail deireadh na bliana** | **4,650** | **328** |

## 14. Airgead Tirim agus a Choibhéis

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Cuntas Bainc Reatha | 10 | 10 |
| Cuntas Coigiltis | 2,665 | 3,563 |
| Cuntas EPBD | 1,574 | 1,034 |
| | 4,249 | 4,607 |
| Cuntas Cistí AE | 667 | 93 |
| | **4,916** | **4,700** |

Is é an Cuntas EPBD an cuntas bainc ainmnithe don chlár Rátáil Fuinnimh Foirgneamh (féach Nóta 9).

Is é SEAI an comhpháirtí nó an ceannaire maidir le roinnt tionscadal atá maoinithe ag an AE. Nuair a ghníomhaíonn SEAI mar cheannaire tionscadail, faightear cistí agus cuirtear ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile iad. Baineann na cistí ar fad laistigh den chuntas seo leis na tionscadail seo de chuid an AE.

## 15. Costais Sochair Scoir

Oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) scéimeanna neamhchistithe aoisliúntais le sochar sainithe don fhoireann. Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann fónaimh agus iarfhoireann an SEAI amhail an 31 Nollaig 2019. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

### A. Anailís ar Chostais Sochair Scoir a Gearradh ar Chaiteachas

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Seirbhísí Reatha | 1,759 | 1,507 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 642 | 601 |
| Asbhaintí Aoisliúntais Foirne | (308) | (283) |
| **Costas Pinsin sa tréimhse** | **2,093** | **1,825** |

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### B. Anailís ar Ghluaiseacht i nDliteanas i rith na bliana

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Dliteanas Scéime amhail an 1 Eanáir | 31,631 | 29,856 |
| Costais seirbhísí reatha | 1,759 | 1,507 |
| Costas úis | 642 | 601 |
| Caillteanas/(gnóthachtan) achtúireach | 6,193 | (34) |
| Sochair íoctha sa bhliain | (334) | (299) |
| **Dliteanas Scéime amhail an 31 Nollaig** | **39,891** | **31,631** |

### C. Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn SEAI na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thíos, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Níl aon fhianaise ag SEAI nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas cistithe seo chun suimeanna dá samhail a chomhlíonadh i gcomhréir le cleachtas reatha.

| Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin don Bhliain €'000 | 2019 €'000 | 2018 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha | 2,401 | 2,108 |
| Deontas Stáit ar phinsin phá | (334) | (299) |
| | **2,067** | **1,809** |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2019 agus €39,891,000 (2018: €31,631,000).

### D. Stair gnóthachan agus caillteanas

| Gnóthachan/ (Caillteanais) ar dhliteanais scéime | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Suim (€) | 553 | (554) | (996) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | 1.4% | (1.7%) | (3.3%) |
| An tsuim iomlán a thuairiscítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (6,193) | 34 | (516) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | 15.5% | 0.1% | 1.7% |

Is ionann an caillteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €17,871,000 (2018: €11,678,000).

### E. Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is socrú pinsin tuarastail deiridh sochair shainithe í scéim phinsin SEAI ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin "samhla" na scéime reatha san earnáil phoiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme D soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme A soláthraíonn an scéim pinsean (an dá chéadú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) suas go tairseach de 3 1/3 uair an ráta bliantúil uasta de phinsean ranníocach an stáit, aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir breithlá 65 bliain comhalta, agus tá comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thráth 2004 i leith i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ag 60 bliain d'aois. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar foráil sa scéim ar chnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é an aois phinsin íosta ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe ar aois phinsin an Stáit). Cuimsítear leis saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó aois 55. Tagann méadú ar phinsin a íoctar i gcomhréir leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS 102 ar luacháil iomlán achtúireach ar an 29 Eanáir 2020 a rinne achtúire neamhspleách cáilithe agus ceanglais an FRS á gcur san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2019.

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh ná:

| | **Amhail 31/12/19** | **Amhail 31/12/18** | **Amhail 31/12/17** |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.00% | 1.94% | 1.96% |
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | 2.80% | 3.10% | 3.25% |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsin | 1.50% | 3.10% | 3.25% |
| Boilsciú | 1.50% | 1.80% | 1.95% |

Seo a leanas na Táblaí ar Dhliteanais mhortlaíochta a úsáidtear:

| **Gníomhach & Iarchurtha** | **Roimh Scor** | **I ndiaidh Scoir** |
|---|---|---|
| Fir | 73.0% of ILT15 | 58.0% of ILT15 |
| Mná | 77.0% of ILT15 | 62.0% of ILT15 |

Bunaithe ar na táblaí seo, is mar seo a leanas an t-ionchas saoil a bheidh ag aois 65 d'fhir agus do mhná sa todhchaí:

| | **Pinsinéir reatha (in 2019) ag aois 65** | **Pinsinéir amach anseo (in 2039) ag aois 65** |
|---|---|---|
| Fir | 21.7 bliain | 24.0 bliain |
| Mná | 24.1 bliain | 26.1 bliain |

## **NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS** – AR LEANÚINT

### 16. Ceangaltais Deontais agus aisíocaíochtaí deontais

#### (i) Ceangaltais Deontais

Meastar gurb ionann na híocaíochtaí uasta amach anseo is dóchúla a éireoidh ó cheangaltais ina n-iontráiltear faoi scéimeanna éagsúla tacaíochta agus €73.37m (2018: €49.851m)).

| | Gealltа amhail an 1 Eanáir 2019 €'000 | Gealltа le linn na tréimhse €'000 | Dígheallta €'000 | Íocaíochtaí €'000 | Gealltа amhail an 31 Nollaig 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH** | | | | | |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 10,610 | 34,460 | (7,204) | (22,563) | 15,303 |
| Iarfheistiú Domhain | 4,195 | 13,869 | (68) | (5,895) | 12,101 |
| EXEED | 2,462 | 3,591 | (638) | (2,513) | 2,902 |
| Deontais FBM | 1,221 | 1,417 | (708) | (1,468) | 462 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí | 1,464 | 9,686 | (1,536) | (8,686) | 928 |
| Fuinneamh Pobail | 16,786 | 27,797 | (10,717) | (19,491) | 14,375 |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | – | 904 | – | (621) | 283 |
| **FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | | | |
| Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite | 7,587 | 10,501 | (74) | (3,581) | 14,433 |
| Aigéan | 2,551 | 760 | (144) | (1,741) | 1,426 |
| An Coiste um Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite | – | 4,987 | – | – | 4,987 |
| **IOMPAR** | | | | | |
| Feithiclí Leictreacha | 4,146 | 26,199 | (1,813) | (22,362) | 6,170 |
| | **51,022** | **134,171** | **(22,902)** | **(88,921)** | **73,370** |

## 17. Nochtuithe ó Pháirtithe Gaolmhara

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an POF agus leis an mBord, lean n-áirítear táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an POF agus €211,346 (2018: €201,653). Chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, féach Nóta 5.1 agus Nóta 18, le do thoil.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus i gcomhréir le treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ó Chomhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. I gcomhréir le Beartas um Choinbhleacht Leasa SEAI, rinne seisear comhaltaí Boird leithscéal dóibh féin ó chinntí Boird i dtaca le moltaí deontais éagsúla SEAI, chun aon choinbhleacht leasa fhéideartha nó bhraite a sheachaint.

## 18. Táillí agus Costais Chomhaltaí an Bhoird

Íocann an SEAI táillí agus costais lena gcomhaltaí Boird i gcomhréir le rialacháin agus ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuir SEAI cinneadh an Rialtais a rinneadh i Márta 2010 i dtaca le táillí do chomhaltaí Comhlachtaí Stáit i bhfeidhm. Déantar táillí comhaltaí Boird a shlánú go dtí an €'000 is gaire. Íocadh costais comhaltaí Boird de €318 in 2019 (2018: €438).

| Táillí Boird | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Julie O'Neill (a) | 12 | 12 |
| Anne Farrell (b) | – | 6 |
| Michael Wall (a) | 8 | 8 |
| Lisa Ryan (a) | 8 | 8 |
| Peter Brennan (a) | 8 | 8 |
| Joe O'Carroll (c) | 6 | – |
| Michael Mc Garry (d) | 6 | 8 |
| Kate Ruddock (f) | 8 | 8 |
| Kevin Brady (f) | – | – |
| Andrew Ennis (g) | 7 | 7 |
| Ann Markey (g) | 7 | 7 |
| Lean Doody (j) | 8 | 1 |
| Werner Kruckow (i) | – | 1 |
| Jim Gannon (h) | – | – |
| **Iomlán** | **78** | **74** |

a) Ceaptha an 6 Bealtaine 2015
b) Imithe ar scor an 2 Deireadh Fómhair 2018
c) Ceaptha an 28 Feabhra 2019
d) Imithe ar scor an 2 Deireadh Fómhair 2019
e) Imithe ar scor an 30 Meán Fómhair 2017
f) Ceaptha an 16 Feabhra 2017
g) Ceaptha an 14 Iúil 2017
h) POF de bhrí oifige imithe ar scor an 27 Meán Fómhair 2019
i) Imithe ar scor an 17 Eanáir 2019
j) Ceaptha an 31 Deireadh Fómhair 2018

| Caiteachas Comhaltaí Boird | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Míleáiste intíre | – | – |
| Cothabháil Intíre | – | – |
| Gnóthaí intíre eile | 1 | 1 |
| Táillí eitleáin thar lear | – | – |
| | **1** | **1** |

## 19. Léasanna Oibriúcháin – Áitribh

Le linn 2019 d'athlonnaigh SEAI chuig príomhoifig nua i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch, Baile Átha Cliath 2. Shínigh SEAI léas áitribh ar feadh 25 bliain, atá i bhfeidhm ón 14 Bealtaine 2018. Déanfar athbhreithniú ar an gcíos gach cúig bliana, agus beidh an chéad athbhreithniú ann cúig bliana ó Dháta Tosaithe Téarma an Léasa, an 14 Bealtaine 2023. Tá fo-oifigí ag an údarás atá lonnaithe i gCorcaigh, Dún Dealgan, Sligeach agus Béal an Mhuirthead.

Tá na híocaíochtaí íosta léasa do-chealaithe amach anseo seo a leanas ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Léasanna Oibriúcháin | | |
| Laistigh de 1 Bhliain | 1,951 | 1,599 |
| Laistigh d'idir 2 agus 5 bliana | 7,794 | 7,011 |
| Breis agus 5 Bliana | 33,658 | 33,959 |
| **Iomlán** | **43,403** | **42,569** |

Aithnítear Íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a bhfaigheann an SEAI sochar ón áitreabh.

Ba í an íocaíocht léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas in 2019 €1,759,700 (2018: €576,036).

Baineann €827,294 den €1,759,700 a aithníodh mar chostas in 2019 le cíos a íocadh a chuimsíonn an tréimhse feistithe ón 14 Bealtaine go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2019 le haghaidh Phlás na 3 Pháirc. Bhí gá leis an tréimhse seo chun an spás oifige nuathógtha a fheistiú, chun leanúnachas gnó a chinntiú agus chun aistriú ordúil a éascú chuig príomhoifig nua. Chuir SEAI a athlonnú chuig Plás na 3 Pháirc i gcrích ag deireadh Dheireadh Fómhair 2019 i gcomhréir le hamlínte tionscadail ionchais.

## 20. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain a athrangú agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 21. Imeachtaí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe

Amhail gach fiontar poiblí agus príobháideach bhí tionchar ag paindéim an choróinvíris agus na bearta ina dhiaidh chun sláinte phoiblí a bhainistiú ar SEAI. Lean SEAI ar aghaidh ag dul i ngleic le agus ag cothú príomhsheirbhísí agus príomhthacaíochtaí, nuair ba ghá. Tá an fhoireann ar fad ag leanúint ar aghaidh ag obair ar lánacmhainn táirgthe ó chian agus cuireadh comhairle ar an bhfoireann agus ar na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil tionchar ag an eolas sláinte poiblí is déanaí uirthi. Is léir go gcuireann na bearta sláinte poiblí srian ar chumas roinnt earnálacha chun gníomhaíochtaí atá tacaithe ag SEAI a chur chun cinn. Cé gur deacair é seo a mheas i láthair na huaire, beidh de thoradh na mbeart seo, mar aon leis an seans láidir go gcuirfear isteach ar an ngeilleagar, go mbeidh caiteachas níos lú ná mar a tuaradh i gcás roinnt réimsí in 2020. Tá measúnú á dhéanamh ag SEAI ar gach clár de réir mar a thagann athrú ar threoir rialtais agus tá uasdátú á dhéanamh ar réamh-mheastacháin trí thagairt do shonraí atá ar fáil.

Tá SEAI ag dul i mbun teagmhála le agus ag fáil tacaíochta ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil, óna maoinítear an tÚdarás go hiomlán. Tá foireann bainistíochta SEAI ag soláthar réamh-mheastacháin chaiteachais de réir mar a athraíonn treoir rialtais agus tá siad ag dul i ngleic leis an bpróiseas meastachán bliantúil le haghaidh 2021 leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil. Tá an-dóchas ar an mBord agus ar an bhfoireann bainistíochta chomh luath agus a cheadódh na dálaí, go mbeidh SEAI in ann leanúint ar aghaidh lenár n-obair chun earnáil an fhuinnimh inbhuanaithe a spreagadh agus a thacú in Éirinn.

### 22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 27 Márta 2020.





SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND | ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**
Plás na dTrí Pháirc
Sráid Hatch Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
Éire
D02 FX65

e info@seai.ie
w www.seai.ie
t +353 1 808 2100

@seai_ie